**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

P9_TA(2022)0248

# Sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ***I

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 22 Meitheamh 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an sásra um choigeartú carbóin ar theorainneacha (COM(2021)0564 – C9-0328/2021 – 2021/0214(COD))** [1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 32/13)

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip [31], straitéis nua fáis a bhfuil d'aidhm aici an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil, ag a mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch a bheidh tíosach ar acmhainní, nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí (líon na n-astaíochtaí lúide na haistrithe) gás ceaptha teasa ("astaíochtaí GCT") ann in 2050, agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch inti ceangailte a thuilleadh le húsáid acmhainní. Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Glas don Eoraip freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. San am céanna, ní mór an claochlú sin a bheith cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. D'fhógair an Coimisiún freisin ina Phlean Gníomhachta AE: "I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú" [32] go gcuirfí chun cinn ionstraimí agus dreasachtaí ábhartha chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an phrionsabail "gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as" mar a leagtar amach in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") agus dá réir sin chun céimniú amach an "truaillithe saor in aisce" a thabhairt chun críche d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir an dícharbónú agus an uaillmhian maidir le truailliú nialasach. | (1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip [31], straitéis nua fáis a bhfuil d'aidhm aici an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil, ag a mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch a bheidh tíosach ar acmhainní, nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí (líon na n-astaíochtaí lúide na haistrithe) gás ceaptha teasa ("astaíochtaí GCT") ann in 2050 ***ar a dhéanaí,*** agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch inti ceangailte a thuilleadh le húsáid acmhainní. Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Glas don Eoraip freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. San am céanna, ní mór an claochlú sin a bheith cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. D'fhógair an Coimisiún freisin ina Phlean Gníomhachta AE: I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú [32] go gcuirfí chun cinn ionstraimí agus dreasachtaí ábhartha chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an phrionsabail "gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as" mar a leagtar amach in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") agus dá réir sin chun céimniú amach an "truaillithe saor in aisce" a thabhairt chun críche d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir an dícharbónú agus an uaillmhian maidir le truailliú nialasach. |
| [31] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640).<br>[32] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 maidir le Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách (COM(2021)0400). | [31] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640).<br>[32] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 maidir le Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách (COM(2021)0400). |

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0160/2022).

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tháinig Comhaontú Pháras [33], a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ("UNFCCC") i mí na Nollag 2015, tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016. Tá aontaithe ag na Páirtithe i gComhaontú Pháras, in Airteagal 2 den Chomhaontú, an méadú ar an mheánteocht dhomhanda a choimeád roinnt mhaith níos ísle ná 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn a chur leis an méadú teochta ag 1,5 C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. | (2) Tháinig Comhaontú Pháras [33], a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ("UNFCCC") i mí na Nollag 2015, tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016. Tá aontaithe ag na Páirtithe i gComhaontú Pháras, in Airteagal 2 den Chomhaontú, an méadú ar an mheánteocht dhomhanda a choimeád roinnt mhaith níos ísle ná 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn a chur leis an méadú teochta ag 1,5 C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. ***Faoi Chomhshocrú Aeráide Ghlaschú, a glacadh an 13 Samhain 2021, d'aithin na Páirtithe freisin go laghdófaí go mór rioscaí agus tionchair an athraithe aeráide dá dteorannófaí an méadú ar an meánteocht dhomhanda 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus gur gheall siad spriocanna 2030 a neartú faoi dheireadh 2022 chun an bhearna uaillmhéine a dhúnadh.*** |
| ([33]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4. | ([33]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [35] cumhdaítear sa reachtaíocht an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair faoi 2050. Bunaítear freisin leis an Rialachán seo gealltanas atá ceangailteach ar an Aontas astaíochtaí GCT a laghdú 55 faoin gcéad ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030. | (5) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [35] cumhdaítear sa reachtaíocht an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair faoi 2050 ***ar a dhéanaí***. Bunaítear freisin leis an Rialachán seo gealltanas atá ceangailteach ar an Aontas astaíochtaí GCT a laghdú 55 faoin gcéad ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030. |
| ([35]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1). | ([35]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus(AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1). |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Leis an Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide maidir leis na tionchair a ghabhann le méaduithe teochta domhanda 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus na conairí astaíochta GCT domhanda atá gaolmhar leis sin [36], cuirtear bunús láidir eolaíoch ar fáil chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus léirítear inti gur gá dlús a chur leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide. Deimhnítear sa tuarascáil sin go bhfuil géarghá le hastaíochtaí GCT a laghdú chun an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais adhaimsire a laghdú***, agus gur gá an t-athrú aeráide a theorannú go méadú teochta domhanda 1,5 °C***. | (6) Leis an Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide maidir leis na tionchair a ghabhann le méaduithe teochta domhanda 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus na conairí astaíochta GCT domhanda atá gaolmhar leis sin [36], cuirtear bunús láidir eolaíoch ar fáil chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus léirítear inti gur gá dlús a chur leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide. Dearbhaítear sa tuarascáil sin go mbeidh tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide agus an gá atá le bearta oiriúnaithe i bhfad níos airde má tá an méadú ar an meánteocht dhomhanda os cionn 1,5 °C, agus go bhfuil géarghá le hastaíochtaí GCT a laghdú chun an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais adhaimsire a laghdú. |
| [36] an Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide, 2018: Téamh Domhanda 1,5 °C. Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide maidir le tionchair an téimh dhomhanda 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus na conairí astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda atá gaolmhar leis sin, i gcomhthéacs an fhreagairt dhomhanda a neartú ar an mbagairt a bhaineann leis an athrú aeráide, ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar iarrachtaí an bhochtaineacht a dhíothú [Masson-Delmotte, V., P. Zhai, H.-O. Pörtner, D. Roberts, J. Skea, P. R. Shukla, A. Pirani, W. Moufouma-Okia, C. Péan, R. Pidcock, S. Connors, J.B.R. Matthews, Y. Chen, X. Zhou, M.I. Gomis, E. Lonnoy, T. Maycock, M. Tignor, agus T. Waterfield (eagarthóirí)]. | [36] an Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide, 2018: Téamh Domhanda 1,5 °C. Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide maidir le tionchair an téimh dhomhanda 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus na conairí astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda atá gaolmhar leis sin, i gcomhthéacs an fhreagairt dhomhanda a neartú ar an mbagairt a bhaineann leis an athrú aeráide, ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar iarrachtaí an bhochtaineacht a dhíothú [Masson-Delmotte, V., P. Zhai, H.-O. Pörtner, D. Roberts, J. Skea, P. R. Shukla, A. Pirani, W. Moufouma-Okia, C. Péan, R. Pidcock, S. Connors, J.B.R. Matthews, Y. Chen, X. Zhou, M.I. Gomis, E. Lonnoy, T. Maycock, M. Tignor, agus T. Waterfield (eagarthóirí)]. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Baineann thart ar 27 % de na hastaíochtaí CO2 domhanda ó dhóchán breosla faoi láthair le hearraí arna dtrádáil go hidirnáisiúnta agus, cé gur laghdaigh an tAontas a chuid astaíochtaí intíre GCT go suntasach, tá na hastaíochtaí GCT atá leabaithe in allmhairí isteach san Aontas ag dul i méid i gcónaí, rud a bhaineann an bonn ó iarrachtaí an Aontais a lorg domhanda GCT a laghdú. Tá freagracht ar an Aontas leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa ghníomhú domhanda ar son na haeráide, i gcomhar le geilleagair uile eile an domhain, ós rud é nach féidir leis na páirtithe uile na cuspóirí a leagtar amach i gComhaontú Pháras a bhaint amach ach amháin trí ghníomhaíochtaí de chuid na bpáirtithe uile.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Fad agus atá éagsúlacht ***cur chuige beartais*** ag líon mór comhpháirtithe idirnáisiúnta de chuid an Aontais ***agus éagsúlacht*** dá réir sin maidir leis an leibhéal uaillmhéine aeráide a bhíonn mar thoradh ar a gcur chuige, tá riosca sceite carbóin ann. An sceitheadh carbóin, is rud é a tharlaíonn má dhéanann gnólachtaí in earnálacha nó i bhfo-earnálacha áirithe, ar chúiseanna costais a bhaineann le beartais aeráide, oibríochtaí táirgthe a athlonnú go tíortha eile, nó má ghlacann allmhairí ó na tíortha sin ionad earraí atá coibhéiseach ach atá níos éadroime ó thaobh astaíochtaí GCT de. D'fhéadfadh méadú domhanda ar astaíochtaí iomlána na ngnólachtaí sin a bheith mar thoradh air sin, rud a chuirfeadh laghdú na n-astaíochtaí GCT i gcontúirt, laghdú a bhfuil géarghá leis má tá an domhan chun an mheánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. | (8) Fad agus a bhaineann líon mór chomhpháirtithe idirnáisiúnta de chuid an Aontais an leibhéal céanna uaillmhéine aeráide amach, ***agus de réir mar a mhéadaíonn an tAontas a uaillmhian aeráide, d'fhéadfadh*** riosca sceite carbóin a bheith ann. An sceitheadh carbóin, is rud é a tharlaíonn má dhéanann gnólachtaí in earnálacha nó i bhfo-earnálacha áirithe, ar chúiseanna costais a bhaineann le beartais aeráide, oibríochtaí táirgthe a athlonnú go tíortha eile, nó má ghlacann allmhairí ó na tíortha sin ionad earraí atá coibhéiseach ach atá níos éadroime ó thaobh astaíochtaí GCT de. D'fhéadfadh méadú domhanda ar astaíochtaí iomlána na ngnólachtaí sin a bheith mar thoradh air sin***, agus, ag an am céanna, d'fhéadfaí an bonn a bhaint d'éifeachtúlacht bheartais laghdaithe astaíochtaí an Aontais***, rud a chuirfeadh laghdú na n-astaíochtaí GCT i gcontúirt, laghdú a bhfuil géarghá leis má tá an domhan chun an mheánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) An tionscnamh maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ("SCCT") tá sé ina chuid den phacáiste "Oiriúnach do 55". Beidh an sásra sin ina eilimint riachtanach de bhosca uirlisí an Aontais chun an cuspóir maidir le hAontas aeráidneodrach faoi 2050 a chomhlíonadh i gcomhréir le Comhaontú Pháras trí ***aghaidh a thabhairt ar rioscaí*** sceite carbóin mar thoradh ar uaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais. | (9) An tionscnamh maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ("SCCT") tá sé ina chuid den phacáiste "Oiriúnach do 55". Beidh an sásra sin ina eilimint riachtanach de bhosca uirlisí an Aontais chun an cuspóir maidir le hAontas aeráidneodrach faoi 2050 ***ar a dhéanaí*** a chomhlíonadh i gcomhréir le Comhaontú Pháras trí ***chosc a chur leis*** an sceiteadh carbóin mar thoradh ar uaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais. ***Féadfaidh sé rannchuidiú freisin le cothrom iomaíochta a bhunú i gcomhair costas dícharbónaithe, leis an éileamh ar tháirgí agus ar phróisis ísealcharbóin a mhéadú, agus le saobhadh iomaíochta a sheachaint agus trádáil chóir a chur chun cinn.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Na sásraí atá ann cheana lena dtugtar aghaidh ar an riosca sceite carbóin in earnálacha agus i bhfo-earnálacha ina bhfuil riosca sceite carbóin, is éard atá iontu sásraí lena ndéantar lamháltais CTA AE a leithdháileadh saor in aisce go hidirthréimhseach agus bearta airgeadais chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais astaíochta indíríathabhaítear ó chostais astaíochta GCT a chuirtear ar aghaidh i bpraghsanna leictreachais a leagtar síos in Airteagail 10a(6) agus 10b faoi seach de Threoir 2003/87/CE. Mar sin féin, le leithdháileadh saor in aisce faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh ***lagaítear*** an praghaschomhartha a thugann an córas do shuiteálacha a fhaigheann an leithdháileadh i gcomparáid leis an gceantáil iomlán agus, dá réir sin, ***cuireann sé isteach ar*** dhreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i laghdú breise ar astaíochtaí. | (10) Na sásraí atá ann cheana lena dtugtar aghaidh ar an riosca sceite carbóin in earnálacha agus i bhfo-earnálacha ina bhfuil riosca sceite carbóin, is éard atá iontu sásraí lena ndéantar lamháltais CTA AE a leithdháileadh saor in aisce go hidirthréimhseach agus bearta airgeadais chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais astaíochta indíríathabhaítear ó chostais astaíochta GCT a chuirtear ar aghaidh i bpraghsanna leictreachais a leagtar síos in Airteagail 10a(6) agus 10b faoi seach de Threoir 2003/87/CE. ***Is ionstraim beartais é leithdháileadh saor in aisce ar leibhéal na dtíortha is fearr d'earnálacha tionsclaíocha áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin in éagmais cothroime iomaíochta.*** Mar sin féin, le leithdháileadh saor in aisce faoi CTA AE ***agus le cúiteamh ar chostais astaíochtaí indíreacha, lagaítear an*** praghaschomhartha a thugann an córas do shuiteálacha a fhaigheann an leithdháileadh nó an cúiteamh, i gcomparáid leis an gceantáil iomlán agus, dá réir sin, déantar na dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i ***laghdú*** breise ar astaíochtaí a laghdú leo. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) Tá ar shuiteálacha faoi CTA AE aghaidh a thabhairt ar phraghas carbóin atá ag ardú agus tá gá ag cuideachtaí le léiriú fadtéarmach, intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil chun a gcinntí infheistíochta a dhéanamh. Ba cheart, dá bhrí sin, bealach soiléir a bhunú chun na hearnálacha agus na fo-earnálacha atá fós i mbaol sceitheadh carbóin a chuimsiú de réir a chéile. Leis sin, neartófar an creat dlíthiúil nua chun sceitheadh carbóin a chomhrac, tabharfar an t-am is gá chun a áirithiú go gcuirfear SCCT chun feidhme go rianúil agus beidh suiteálacha agus cuideachtaí in ann na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh i ndícharbónú próiseas tionsclaíoch i gcomhthéacs dlí atá cobhsaí agus intuartha.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Cé gurb é is cuspóir don sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha an riosca sceite carbóin a chosc, leis an Rialachán seo, thabharfaí spreagadh do tháirgeoirí ó thríú tíortha freisin teicneolaíocht a úsáid atá níos tíosaí ar astaíochtaí GCT, ionas go nginfí níos lú astaíochtaí in aghaidh an aonaid aschuir. | (12) Cé gurb é is cuspóir don sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha an riosca sceite carbóin a chosc, leis an Rialachán seo, thabharfaí spreagadh do tháirgeoirí ó thríú tíortha freisin teicneolaíocht a úsáid atá níos tíosaí ar astaíochtaí GCT, ionas go nginfí níos lú astaíochtaí in aghaidh an aonaid aschuir. ***Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh SCCT a bheith ina bheart éifeachtach chun astaíochtaí a laghdú i dtríú tíortha agus cothrom iomaíochta a áirithiú do thionscal an Aontais ag an am céanna.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, mar ionstraim chun sceitheadh carbóin a chosc agus astaíochtaí GCT a laghdú, ba cheart a áirithiú go bhfuil earraí a allmhairítear faoi réir córas rialála lena gcuirtear i bhfeidhm costais charbóin atá coibhéiseach leis na costais a bheadh le híoc faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh murach sin. Is beart aeráide é SCCT agus leis sin, ba cheart an riosca sceite carbóin a chosc ***agus tacú le huaillmhian mhéadaithe an Aontais maidir leis an athrú aeráide a mhaolú,*** mar aon le comhoiriúint do ***EDT*** a áirithiú san am céanna. | (13) Leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, mar ionstraim chun sceitheadh carbóin a chosc agus astaíochtaí GCT a laghdú, ba cheart a áirithiú go bhfuil earraí a allmhairítear faoi réir córas rialála lena gcuirtear i bhfeidhm costais charbóin atá coibhéiseach leis na costais a bheadh le híoc faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh murach sin***, rud a mbeadh praghsáil choibhéiseach carbóin ar allmhairí agus ar tháirgí intíre agus cothrom iomaíochta mar thoradh air***. Is beart aeráide é SCCT ar cheart dó a bheith ***ina thacú le hastaíochtaí san Aontas a laghdú i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Rialachán (AE) 2021/1119, agus*** ba cheart an riosca sceite carbóin a chosc leis agus, san am céanna, comhoiriúnacht le ***rialacha EDT*** a áirithiú. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar na costais riaracháin arna dtabhú ag SCCT agus a áirithiú, san am céanna, go gcuirfear oiliúint leormhaith ar an bhfoireann oiliúint chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (15) I dtaca le tríú tíortha nó tríú críocha a dhéanfaí a chomhtháthú go hiomlán, nó a nascadh, de bharr aon chomhaontuithe a dhéanfaí amach anseo, le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais, chun na tríú tíortha nó na tríú críocha sin a eisiamh ón sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith liosta na dtíortha in Iarscríbhinn II a leasú. Os a choinne sin, ba cheart na tríú tíortha agus na tríú críocha sin a eisiamh ón liosta in Iarscríbhinn II agus iad a bheith faoi réir SCCT ionas nach muirearaíonn siad an praghas CTA iarbhír ar earraí a onnmhairítear chuig an Aontas. | (15) I dtaca le tríú tíortha nó tríú críocha a dhéanfaí a chomhtháthú go hiomlán, nó a nascadh, de bharr aon chomhaontuithe a dhéanfaí amach anseo, le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais, chun na tríú tíortha nó na tríú críocha sin a eisiamh ón sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith liosta na dtíortha in Iarscríbhinn II a leasú. Os a choinne sin, ba cheart na tríú tíortha agus na tríú críocha sin a eisiamh ón liosta in Iarscríbhinn II agus iad a bheith faoi réir SCCT ionas nach muirearaíonn siad an praghas CTA iarbhír ar earraí a onnmhairítear chuig an Aontas. ***Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na cleachtais a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le himchéimniú i dtríú tíortha agus tabharfaidh sé aghaidh orthu.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(15a) D'fhonn a áirithiú go mbeidh comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta ag gabháil leis an aistriú éiceolaíoch sna réigiúin is forimeallaí, ba cheart measúnú tionchair a dhéanamh roimh dheireadh na hidirthréimhse ar na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta a d'fhéadfadh a bheith acu atá sonrach do na réigiúin sin. Ba cheart don Choimisiún comhlíonadh Airteagal 349 CFAE a áirithiú agus bearta iomchuí a mholadh do na réigiúin is forimeallaí agus SCCT á chur chun feidhme acu, go háirithe mar gheall ar na socruithe sonracha custaim agus cánach a bhfuil feidhm acu maidir leis na réigiúin is forimeallaí.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart na hastaíochtaí GCT atá le rialú leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a bheith ar aon dul leis na hastaíochtaí GCT sin a chumhdaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh i dTreoir 2003/87/CE, eadhon dé-ocsaíd charbóin ("$CO_2$") mar aon le, i gcás inarb ábhartha, ocsaíd nítriúil ("$N_2O$") agus sárfhluaracarbóin ("PFCanna"). Ba cheart feidhm a bheith ag an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha maidir le hastaíochtaí díreacha ó na GCTanna sin ó tháirgeadh earraí go dtí tráth an allmhairithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais ***ar dtús, agus tar éis idirthréimhse agus tar éis measúnú breise a dhéanamh,*** feidhm a bheith aige maidir le hastaíochtaí indíreacha, amhail raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh. | (17) Ba cheart na hastaíochtaí GCT atá le rialú leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a bheith ar aon dul leis na hastaíochtaí GCT sin a chumhdaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh i dTreoir 2003/87/CE, eadhon dé-ocsaíd charbóin ("$CO_2$") mar aon le, i gcás inarb ábhartha, ocsaíd nítriúil ("$N_2O$") agus sárfhluaracarbóin ("PFCanna"). Ba cheart go léireodh SCCT ***athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar CTA AE i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa rialáilte***. Ba cheart feidhm a bheith ag SCCT maidir le hastaíochtaí díreacha ó na GCTanna sin ó tháirgeadh earraí go dtí tráth an allmhairithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais, agus freisin maidir le hastaíochtaí indíreacha, faoi mar atá faoi raon feidhme CTA AE. ***Tá comhleanúnachas idir SCCT agus CTA AE bunriachtanach chun prionsabail EDT a urramú.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Mar sin féin, le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, cé go gcuirtear dearbhtheorainn ar na hastaíochtaí GCT ó na gníomhaíochtaí atá faoina raon feidhme agus go gceadaítear lamháltais a thrádáil (dá ngairtear "córas teorannaithe agus trádála astaíochtaí"), níor cheart teorainn chainníochtúil ar allmhairí a bhunú leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, chun a áirithiú nach ndéanfar sreafaí trádála a shrianadh. Thairis sin, cé go bhfuil feidhm ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh maidir le suiteálacha atá bunaithe san Aontas, ba cheart feidhm a bheith ag sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha maidir le hearraí áirithe a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais. | (19) Mar sin féin, cé go gcuirtear dearbhtheorainn ar astaíochtaí GCT ó na gníomhaíochtaí atá faoina raon feidhme le CTA AE, agus go gceadaítear lamháltais a thrádáil ("córas teorannaithe agus trádála" mar a thugtar air), níor cheart teorainn chainníochtúil ar allmhairí a bhunú le SCCT, chun a áirithiú nach ndéanfar sreabha trádála a shrianadh ***nó a shuaitheadh***. Thairis sin, cé go bhfuil feidhm ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh maidir le suiteálacha atá bunaithe san Aontas, ba cheart feidhm a bheith ag sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha maidir le hearraí áirithe a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais chun cothrom iomaíochta a áirithiú ***agus chun an riosca sceite carbóin a chosc agus chun comhoiriúnacht le rialacha EDT a áirithiú ag an am céanna***. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Tá gnéithe sonracha ag an gcóras SCCT i gcomparáid le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear gnéithe maidir le praghas na ndeimhnithe SCCT a ríomh, maidir leis an deis deimhnithe a thrádáil agus maidir le bailíocht na ndeimhnithe le himeacht ama. Tá na gnéithe sonracha sin ann de bharr an ghá le héifeachtacht an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a chaomhnú mar bheart chun sceitheadh carbóin a chosc le himeacht ama agus chun a áirithiú nach mbeidh ualach rómhór ag baint le bainistíocht an chórais maidir le hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na hoibreoirí agus maidir le hacmhainní le haghaidh an rialtais, agus, san am céanna, leibhéal coibhéiseach solúbthachta atá ar fáil d'oibreoirí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chaomhnú. | (20) Tá gnéithe sonracha ag an gcóras SCCT i gcomparáid le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear gnéithe maidir le praghas na ndeimhnithe SCCT a ríomh, maidir leis an deis deimhnithe a thrádáil agus maidir le bailíocht na ndeimhnithe le himeacht ama. Tá na gnéithe sonracha sin ann de bharr an ghá le héifeachtacht an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a chaomhnú mar bheart chun sceitheadh carbóin a chosc le himeacht ama agus chun a áirithiú nach mbeidh ualach rómhór ag baint le bainistíocht an chórais maidir le hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na hoibreoirí***, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna***), agus maidir le hacmhainní le haghaidh an rialtais, agus, san am céanna, leibhéal coibhéiseach solúbthachta atá ar fáil d'oibreoirí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chaomhnú. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) D'fhonn a éifeachtacht mar bheart sceite carbóin a chaomhnú, ní mór an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a bheith ar aon dul le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh ó thaobh praghais de. Cé go ndéantar praghas na lamháltas a chinneadh trí cheantanna ar mhagadh CTA AE, ba cheart praghas na ndeimhnithe SCCT a bheith ina léiriú measartha ar phraghas ceantanna den sórt sin trí mheánphraghsanna arna ríomh ar bhonn seachtainiúil. Léirítear go mion le meánphraghsanna seachtainiúla den sórt sin na luaineachtaí i bpraghas Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus fágann sé go mbeadh corrlach réasúnta ag allmhaireoirí chun leas a bhaint as athruithe ar phraghas CTA AE agus, san am céanna, áirithítear go mbeidh na húdaráis riaracháin in ann an córas a bhainistiú. | (21) Chun a éifeachtacht mar bheart sceite carbóin a chaomhnú ***agus chun comhoiriúnacht le rialacha EDT*** a áirithiú, ní mór do SCCT a bheith ina mhionléiriú ar CTA AE ó thaobh praghais de. Cé go ndéantar praghas na lamháltas a chinneadh trí cheantanna ar mhagadh CTA AE, ba cheart praghas na ndeimhnithe SCCT a bheith ina léiriú measartha ar phraghas ceantanna den sórt sin trí mheánphraghsanna arna ríomh ar bhonn seachtainiúil. Léirítear go mion le meánphraghsanna seachtainiúla den sórt sin na luaineachtaí i bpraghas Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus fágann sé go mbeadh corrlach réasúnta ag allmhaireoirí chun leas a bhaint as athruithe ar phraghas CTA AE agus, san am céanna, áirithítear go mbeidh na húdaráis riaracháin in ann an córas a bhainistiú. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ós rud é go bhfuil feidhm ag an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha maidir le hallmhairí earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, seachas maidir le suiteálacha, ba ghá freisin feidhm a bheith ag oiriúnuithe agus simplithe áirithe sa chóras SCCT. Is é ba cheart a bheith i gceann de na simplithe sin córas dearbhaitheach inar cheart d'allmhaireoirí na hastaíochtaí iomlána fíoraithe GCT atá leabaithe in earraí a allmhairítear i mbliain féilire ar leith a thuairisciú. Ba cheart uainiú atá difriúil i gcomparáid le timthrialla comhlíontachta Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm chun aon bhac a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar oibleagáidí ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe faoin Rialachán seo agus faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh. | (23) Ós rud é go bhfuil feidhm ag an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha maidir le hallmhairí earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, seachas maidir le suiteálacha, ba ghá freisin feidhm a bheith ag oiriúnuithe agus simplithe áirithe sa chóras SCCT. Is é ba cheart a bheith i gceann de na simplithe sin córas ***simplí agus inrochtana*** dearbhaitheach inar cheart d'allmhaireoirí na hastaíochtaí iomlána fíoraithe GCT atá leabaithe in earraí a allmhairítear i mbliain féilire ar leith a thuairisciú. Ba cheart uainiú atá difriúil i gcomparáid le timthrialla comhlíontachta Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm chun aon bhac a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar oibleagáidí ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe faoin Rialachán seo agus faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) I bhfianaise chineál uathúil an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus an gá atá le dlúthchomhar ar leibhéal an Aontais, ba cheart údarás SCCT a bhunú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme i gceart agus faireachán ceart a dhéanamh air.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) ***I dtaca le smachtbhannaí***, ba cheart do na Ballstáit pionóis a chur i bhfeidhm maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad. Ba cheart méid na bpionós ***sin a bheith comhionann le méid na bpionóis atá i bhfeidhm faoi láthair laistigh den Aontas i gcás ina sáraítear Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh de réir*** Airteagal ***16 (3) agus (4) de Threoir 2003/87/CE***. | (24) ***Ba cheart d'údarás SCCT agus d'údaráis chustaim, inter alia, SCCT a dhearadh agus a mhaoirsiú go cúramach chun aon chineál cleachtas imchéimniúcháin a chosc, a shainaithint agus pionós a ghearradh ina leith, lena n-áirítear mí-úsáid nó calaois. Ba cheart d'údarás SCCT*** agus do na Ballstáit***, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta,*** pionóis ***riaracháin nó choiriúla*** a chur i bhfeidhm maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart go mbeadh méid ***na*** bpionós ***do dhearbhóirí údaraithe nach dtugann suas, faoin 31 Bealtaine gach bliain, roinnt deimhnithe SCCT a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí leabaithe in earraí a allmhairíodh le linn na bliana roimhe sin nó a chuireann faisnéis bhréagach a bhaineann le hastaíochtaí leabaithe chuig údarás SCCT d'fhonn cóireáil fhabhrach aonair a fháil,*** ba cheart go mbeadh sé ***comhionann le trí oiread mheánphraghas na ndeimhnithe SCCT sa bhliain roimhe sin do gach deimhniú SCCT nár thug an dearbhóir údaraithe suas i gcomhréir le*** hAirteagal ***22***. ***Fiú amháin agus go n-íocfadh an dearbhóir údaraithe an pionós, ní scaoilfidh sé sin é ón oibleagáid cibé líon deimhnithe SCCT a bheidh fós gan tabhairt suas a thabhairt suas d'údarás SCCT***. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart cumhdach táirgí an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a bheith ina léiriú ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh arae tá an scéim sin bunaithe ar chritéir chainníochtúla agus cháilíochtúla atá nasctha le cuspóir comhshaoil Threoir 2003/87/CE agus toisc gurb é an córas rialála astaíochtaí GCT is cuimsithí dá bhfuil san Aontas é. | (26) Ba cheart cumhdach táirgí an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a bheith ina léiriú ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh arae tá an scéim sin bunaithe ar chritéir chainníochtúla agus cháilíochtúla atá nasctha le cuspóir comhshaoil Threoir 2003/87/CE agus toisc gurb é an córas rialála astaíochtaí GCT is cuimsithí dá bhfuil san Aontas é. ***Ba cheart don Choimisiún amlíne a bhunú chun na hearraí go léir a chuimsiú de réir a chéile faoi na hearnálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE faoin 1 Eanáir 2030. Ba cheart tús áite a thabhairt do na hearraí is mó a nochtar do sceitheadh carbóin agus arb iad is déine ó thaobh carbóin de.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ba cheart na hearraí faoin Rialachán seo a roghnú tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar a n-ábharthacht i dtéarmaí astaíochtaí GCT carntha agus i dtéarmaí riosca sceite carbóin sna hearnálacha CTA AE comhfhreagracha agus, san am céanna, castacht agus an t-ualach riaracháin a theorannú. Go háirithe, ba cheart bunábhair agus buntáirgí a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sa roghnúchán iarbhír, agus é mar chuspóir leis sin a áirithiú go mbeidh allmhairiú táirgí dianfhuinnimh isteach san Aontas ar comhchéim le táirgí AE i dtéarmaí praghsála carbóin CTA AE, agus chun rioscaí sceite carbóin a mhaolú. Seo a leanas critéir ábhartha eile ba cheart a bheith ann chun an roghnúchán a chaolú: ar an gcéad dul síos, ábharthacht na n-earnálacha i dtéarmaí astaíochtaí, is é sin cé acu atá nó nach bhfuil an earnáil ar cheann de na hastaírí astaíochtaí comhiomlána GCT is mó; ar an dara dul síos, neamhchosaint na hearnála ar riosca suntasach sceite carbóin, mar a shainmhínítear de bhun Threoir 2003/87/CE; ar an tríú dul síos, an gá atá le cothromaíocht a bheith ann idir cumhdach leathan i dtéarmaí astaíochtaí GCT agus, san am céanna, an chastacht agus an iarracht riaracháin a theorannú. | (29) Ba cheart na hearraí faoin Rialachán seo a roghnú tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar a n-ábharthacht i dtéarmaí astaíochtaí GCT carntha agus i dtéarmaí riosca sceite carbóin sna hearnálacha CTA AE comhfhreagracha agus castacht agus an t-ualach riaracháin ***do thionscal an Aontais, do chuideachtaí agus do FBManna*** a theorannú ag an am céanna. Go háirithe, ba cheart bunábhair agus buntáirgí a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sa roghnúchán iarbhír, agus é mar chuspóir leis sin a áirithiú go mbeidh allmhairiú táirgí dianfhuinnimh isteach san Aontas ar comhchéim le táirgí AE i dtéarmaí praghsála carbóin CTA AE, agus chun rioscaí sceite carbóin a mhaolú. Seo a leanas critéir ábhartha eile ba cheart a bheith ann chun an roghnúchán a chaolú: ar an gcéad dul síos, ábharthacht na n-earnálacha i dtéarmaí astaíochtaí, is é sin cé acu atá nó nach bhfuil an earnáil ar cheann de na hastaírí astaíochtaí comhiomlána GCT is mó; ar an dara dul síos, neamhchosaint na hearnála ar riosca suntasach sceite carbóin, mar a shainmhínítear de bhun Threoir 2003/87/CE; ar an tríú dul síos, an gá atá le cothromaíocht a bheith ann idir cumhdach leathan i dtéarmaí astaíochtaí GCT agus, san am céanna, an chastacht agus an iarracht riaracháin a theorannú. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin chun aon riosca a sheachaint de shaobhadh margaidh idir na hearnálacha éagsúla a chumhdaítear leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Le húsáid an chéad chritéir, ceadaítear na hearnálacha seo a leanas a liostú i dtéarmaí astaíochtaí carntha: iarann agus cruach, scaglanna, stroighin, ceimiceáin bhunúsacha orgánacha, agus leasacháin. | (30) Le húsáid an chéad chritéir, ceadaítear na hearnálacha seo a leanas a liostú i dtéarmaí astaíochtaí carntha: iarann agus cruach, scaglanna, stroighin, ***alúmanam***, ceimiceáin bhunúsacha orgánacha, ***hidrigin, polaiméirí,*** agus leasacháin. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(32)* ***Go háirithe, ní áirítear ceimiceáin orgánacha i raon feidhme an Rialacháin seo i ngeall ar shrianta teicniúla a fhágann nach féidir astaíochtaí leabaithe earraí allmhairithe a shainiú go soiléir. I gcás na n-earraí sin, is bunpharaiméadar é an tagarmharc is infheidhme faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, rud a fhágann nach féidir astaíochtaí atá leabaithe in earraí allmhairithe aonair a leithdháileadh ar mhodh cinnte. Teastaíonn tuilleadh sonraí agus anailíse chun leithdháileadh lamháltas níos spriocdhírithe a chur i bhfeidhm maidir le ceimiceáin orgánacha.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Tá feidhm ag srianta teicniúla ***comhchosúla*** maidir le táirgí scaglainne, óir is é mar atá i gcás na dtáirgí sin nach féidir astaíochtaí GCT a shannadh ar mhodh cinnte do na táirgí aschuir aonair. An tráth céanna, ní le táirgí sonracha, amhail peitreal, díosal nó ceirisín, atá baint dhíreach ag an tagarmharc ábhartha i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, ach leis an aschur scaglainne ina iomláine. | (33) Tá feidhm ag ***roinnt*** srianta teicniúla comhchosúla maidir le táirgí scaglainne, óir is é mar atá i gcás na dtáirgí sin nach féidir astaíochtaí GCT a shannadh ar mhodh cinnte do na táirgí aschuir aonair. An tráth céanna, ní le táirgí sonracha, amhail peitreal, díosal nó ceirisín, atá baint dhíreach ag an tagarmharc ábhartha i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, ach leis an aschur scaglainne ina iomláine. ***Chun raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú go tráthúil, ba cheart don Choimisiún modheolaíocht chóir a fhorbairt chun astaíochtaí leabaithe ó tháirgí scaglainne a ríomh roimh dheireadh na hidirthréimhse.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) ***Mar sin féin***, ba cheart táirgí alúmanaim a chuimsiú sa sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha toisc gur mó an neamhchosaint atá acu ar sceitheadh carbóin. Thairis sin, i roinnt feidhmeanna tionsclaíocha tá táirgí alúmanaim in iomaíocht dhíreach le táirgí cruach i ngeall ar shaintréithe atá an-chosúil le saintréithe na dtáirgí cruach. Cuimsiú an alúmanaim, rud é atá ábhartha freisin toisc go bhféadfadh sé ***go leathnófaí raon feidhme*** an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ***sa todhchaí*** chun astaíochtaí indíreacha a chumhdach freisin. | (34) Ba cheart táirgí alúmanaim a chumhdach in SCCT toisc gur mó an neamhchosaint atá acu ar sceitheadh carbóin. Thairis sin, i roinnt feidhmeanna tionsclaíocha tá táirgí alúmanaim in iomaíocht dhíreach le táirgí cruach i ngeall ar shaintréithe atá an-chosúil le saintréithe na dtáirgí cruach. Tá áireamh alúmanaim ábhartha freisin toisc go gcumhdaítear astaíochtaí indíreacha freisin faoi raon feidhme SCCT. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Os a choinne sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí áirithe nach bhfuil astaíochtaí suntasacha i gceist lena dtáirgeadh amhail dramh feiriúil (faoi chód AC 7204), fearó-chóimhiotal (cód AC 7202) agus leasacháin áirithe (faoi chód AC 3105 60 00). | (36) Os a choinne sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ***ag an gcéad chéim*** maidir le táirgí áirithe nach bhfuil astaíochtaí suntasacha i gceist lena dtáirgeadh amhail dramh feiriúil (faoi chód AC 7204), fearó-chóimhiotal (cód AC 7202) agus leasacháin áirithe (faoi chód AC 3105 60 00). |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart dearbhóir údaraithe a bheith in ann laghdú a éileamh ar líon na ndeimhnithe SCCT atá le tabhairt suas, laghdú a chomhfhreagraíonn don phraghas carbóin a íocadh i leith na n-astaíochtaí sin i ndlínsí eile cheana. | (40) Ba cheart dearbhóir údaraithe a bheith in ann laghdú a éileamh ar líon na ndeimhnithe SCCT atá le tabhairt suas, laghdú a chomhfhreagraíonn don phraghas carbóin ***sainráite*** a íocadh i leith na n-astaíochtaí sin i ndlínsí eile cheana. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Tá údar le dearadh atá beagán difriúil le haghaidh an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha i ngeall ar shaintréithe fisiceacha an leictreachais mar tháirge, go háirithe toisc nach indéanta sreabhadh iarbhír na leictreon a leanúint. ***Ba cheart luachanna réamhshocraithe a úsáid mar chur chuige caighdeánach agus*** ba cheart é a bheith d'fhéidearthacht ag dearbhóirí údaraithe a éileamh go ríomhfaí a n-oibleagáidí SCCT ar bhonn a gcuid astaíochtaí iarbhír. Tá difríocht idir trádáil an leictreachais agus trádáil earraí eile, go háirithe toisc go ndéantar an trádáil trí eangacha leictreachais idirnasctha, a bhaineann úsáid as malartáin chumhachta agus as cineálacha sonracha trádála. An mhargadhchúpláil, foirm trádála leictreachais is ea í a ndéantar rialáil dhlúth uirthi agus inar féidir tairiscintí agus ofrálacha a chomhiomlánú ar fud an Aontais. | (45) Tá údar le dearadh atá beagán difriúil le haghaidh an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha i ngeall ar shaintréithe fisiceacha an leictreachais mar tháirge, go háirithe toisc nach indéanta sreabhadh iarbhír na leictreon a leanúint. Ba cheart é a bheith d'fhéidearthacht ag dearbhóirí údaraithe a éileamh go ríomhfaí a n-oibleagáidí SCCT ar bhonn a gcuid astaíochtaí ***fíoraithe*** iarbhír. ***Níor cheart luachanna réamhshocraithe a úsáid ach amháin mura bhfuil sonraí ar na hastaíochtaí iarbhír ar fáil***. Tá difríocht idir trádáil an leictreachais agus trádáil earraí eile, go háirithe toisc go ndéantar an trádáil trí eangacha leictreachais idirnasctha, a bhaineann úsáid as malartáin chumhachta agus as cineálacha sonracha trádála. An mhargadhchúpláil, foirm trádála leictreachais is ea í a ndéantar rialáil dhlúth uirthi agus inar féidir tairiscintí agus ofrálacha a chomhiomlánú ar fud an Aontais. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46a)*** ***Chun laghdú a dhéanamh ar an riosca maidir le sceitheadh carbóin agus chun cothrom na Féinne a áirithiú do thionscal an Aontais, ba cheart toirmeasc a chur ar gach cleachtas imchéimniúcháin. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le cleachtais inchéimniúcháin i ngach earnáil a áirítear in Iarscríbhinn I, go háirithe an dóchúlacht go ndéanfar trasloingsiú, patrúin trádála mhodhnaithe i leith táirgí iartheachtacha, chomh maith le hathdháileadh acmhainní, costáil ionsú, ionramháil sonraí astaíochtaí, lipéadú éagórach earraí agus mionathruithe ar an táirge chun táirge a allmhairiú faoi chód ainmníochta comhcheangailte ("AC") difriúil. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, chun bearta frith-imchéimniúcháin a neartú.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Nuair a bheidh tríú tíortha comhtháite go dlúth isteach i margadh leictreachais an Aontais tríd an margadhchúpláil, ba cheart teacht ar réitigh theicniúla chun cur i bhfeidhm an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a áirithiú maidir le leictreachas a onnmhairítear ó na tíortha sin isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Mura féidir teacht ar réitigh theicniúla, ba cheart díolúine a thabhairt do thríú tíortha atá margadhchúpláilte, díolúine a mbeadh teorainn ama léi, ón sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha go dtí 2030 ar a dhéanaí, agus an díolúine sin a bheith ag baint le honnmhairiú an leictreachais agus leis sin amháin, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Mar sin féin, ba cheart do na tríú tíortha sin treochlár a fhorbairt agus geallúint go gcuirfidh siad sásra praghsála carbóin chun feidhme lena ndéanfar foráil le haghaidh praghas a bheidh coibhéiseach le CTA AE, agus ba cheart dóibh gealltanas a thabhairt go mbainfidh siad aeráidneodracht amach faoi 2050 agus chun ailíniú le reachtaíocht an Aontais i réimsí an chomhshaoil, na haeráide, na hiomaíochta agus an fhuinnimh. Ba cheart an díolúine sin a aistarraingt tráth ar bith má bhíonn cúiseanna ann lena chreidiúint nach gcomhlíonann an tír atá i gceist a gealltanais nó nach bhfuil CTA glactha aici faoi 2030 atá coibhéiseach le CTA AE. | (49) Nuair a bheidh tríú tíortha comhtháite go dlúth isteach i margadh leictreachais an Aontais tríd an margadhchúpláil, ba cheart teacht ar réitigh theicniúla chun cur i bhfeidhm an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a áirithiú maidir le leictreachas a onnmhairítear ó na tíortha sin isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Mura féidir teacht ar réitigh theicniúla, ba cheart díolúine a thabhairt do thríú tíortha atá margadhchúpláilte, díolúine a mbeadh teorainn ama léi, ón sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha go dtí 2030 ar a dhéanaí, agus an díolúine sin a bheith ag baint le honnmhairiú an leictreachais agus leis sin amháin, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Mar sin féin, ba cheart do na tríú tíortha sin treochlár a fhorbairt agus geallúint go gcuirfidh siad sásra praghsála carbóin ***sainráite*** chun feidhme lena ndéanfar foráil le haghaidh praghas a bheidh coibhéiseach le CTA AE, agus ba cheart dóibh gealltanas a thabhairt go mbainfidh siad aeráidneodracht amach faoi 2050 ***ar a dhéanaí*** chun ailíniú le reachtaíocht an Aontais i réimsí an chomhshaoil, na haeráide, na hiomaíochta agus an fhuinnimh. Ba cheart an díolúine sin a aistarraingt tráth ar bith má bhíonn cúiseanna ann lena chreidiúint nach gcomhlíonann an tír atá i gceist a gealltanais nó nach bhfuil CTA glactha aici faoi 2030 atá coibhéiseach le CTA AE. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(51)* ***Chun feidhmiú cuí an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a éascú agus a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a chur ar fáil do na húdaráis inniúla atá freagrach as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 51 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(51a)* ***Is gá a áirithiú go mbeidh rochtain ag na páirtithe a ndéanann cinntí arna ndéanamh ag údarás SCCT difear dóibh ar na réitigh is gá. Dá bhrí sin, ba cheart sásra oiriúnach achomhairc a bhunú le go bhféadfaidh cinntí údarás SCCT a bheith faoi réir achomharc chuig Bord Achomhairc, bord a bhféadfaidh a chuid cinntí a bheith faoi réir caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le CFAE.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an Rialachán seo ***roimh dheireadh na hidirthréimhse*** agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ba cheart díriú i ***dtuarascáil*** an Choimisiúin ar fhéidearthachtaí maidir le feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí ar son na haeráide i dtaca leis an gcuspóir áirithe sin a bhaint amach, is é sin an tAontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050. Ba cheart don Choimisiún, mar chuid den mheasúnú sin, tús a chur le heolas a bhailiú a bheidh ag teastáil chun an raon feidhme a leathnú, más féidir, ionas go gcumhdófaí astaíochtaí indíreacha mar aon le hearraí agus seirbhísí eile a bhfuil riosca sceite carbóin ag roinnt leo, agus chun modhanna a fhorbairt chun astaíochtaí leabaithe a ríomh bunaithe ar na modhanna tomhais táirge maidir le lorg comhshaoil ([47]).<br><br>([47]) Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1). | (52) Ba cheart don Choimisiún measúnú rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ba cheart díriú i ***dtuarascálacha*** an Choimisiúin ar fhéidearthachtaí maidir le feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí ar son na haeráide i dtaca leis an gcuspóir áirithe sin a bhaint amach, is é sin an tAontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050. Ba cheart don Choimisiún, mar chuid ***den chéad*** mheasúnú sin, tús a chur le heolas a bhailiú a bheidh ag teastáil chun raon feidhme ***Iarscríbhinn I*** a leathnú ***tuilleadh***, más féidir, ionas go gcumhdófaí earraí agus seirbhísí eile a bhfuil riosca sceite carbóin ag roinnt leo, ***amhail táirgí iartheachtacha,*** agus chun modhanna a fhorbairt chun astaíochtaí leabaithe a ríomh bunaithe ar na modhanna tomhais táirge maidir le lorg comhshaoil ([47]). ***Ba cheart don Choimisiún a chuid measúnuithe ina dhiaidh sin a dhíriú ar an tionchar ar iomaíochas thionscal an Aontais agus ar thionscal iartheachtach, ar an tionchar ar FBManna, ar an ualach díréireach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann, ar chleachtais inchéimniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann, ar shaobhadh i bpatrúin trádála agus ar dheiseanna chun gníomhaíochtaí ar son na haeráide a fheabhsú i dtreo Aontas a bheidh aeráidneodrach faoi 2050 agus a ghabhfaidh leis na measúnuithe sin, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha;***<br><br>([47]) Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1). |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 52 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(52a) Chun go bhféadfar freagairt thapa agus éifeachtach a thabhairt ar imthosca neamh-intuartha, eisceachtúla agus gan chúis a mbeidh iarmhairtí scriosacha acu ar bhonneagar eacnamaíoch agus tionsclaíoch tríú tír amháin nó níos mó atá faoi réir SCCT, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh, de réir mar is iomchuí, lena leasófar an Rialachán seo. Ba cheart go leagfaí amach i dtogra reachtach den sórt sin na bearta is iomchuí i bhfianaise na gcúinsí atá ag an tríú tír nó na tríú tíortha, agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcaomhnú ag an am céanna. Ba cheart go mbeadh teorainn ama leis na bearta sin.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 53 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(53a) Mar aon le hidirphlé le tríú tíortha, ba cheart don Choimisiún, ag gach céim tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara uile na n-earnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear ionadaithe tionscail, ceardchumainn agus an tsochaí shibhialta.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 54 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(54a) Ba cheart go saothródh an Coimisiún, ar bhonn gníomhach, "club carbóin" idirnáisiúnta a bhunú chun malartú leanúnach de mheon macánta le comhpháirtithe trádála an Aontais a áirithiú. Ba cheart go mbeadh sé sin ina fhóram idirnáisiúnta neamheisiach oscailte, a d'fhéadfadh feidhmiú faoi eagraíocht iltaobhach iomchuí amhail EDT nó comhlacht ábhartha agus oscailte ECFE mar shampla. Ba cheart é a bheith mar chuspóir aige go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir bearta praghsála carbóin agus bearta praghsála neamh-charbóin ag a mbíonn tionchar ar laghdú astaíochtaí, agus comhordú a dhéanamh orthu. Ina theannta sin, ba cheart go dtacódh an club carbóin le hinchomparáideacht na mbeart aeráide trí cháilíocht an fhaireacháin, an tuairiscithe agus an fhíoraithe ar an aeráid a áirithiú i measc a chomhaltaí. Ba cheart go mbeadh ballraíocht an chlub neamhfhoirmiúil, oscailte agus ar bhonn deonach do thíortha a bhfuil arduaillmhian i leith na haeráide i gcomhréir le Comhaontú Pháras mar sprioc acu. Ós rud é gur beart ceannródaíoch é SCCT, atá ceaptha le bheith ina uirlis chomhair a dearadh chun sceitheadh carbóin a chomhrac, cuireann club carbóin den sórt sin deis ar fáil le haghaidh comhair agus trédhearcachta idir an tAontas agus a chomhpháirtithe trádála.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha próisis táirgthe atá níos glaine a spreagadh, tá an tAontas réidh chun oibriú le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim chun a dtionscail déantúsaíochta a dhícharbónú. Thairis sin, ba cheart don Aontas tacú le tíortha is lú forbairt leis an gcúnamh teicniúil is gá chun a n-oiriúnú do na hoibleagáidí nua a bhunaítear leis an rialachán seo a éascú. | (55) Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha próisis táirgthe atá níos glaine a spreagadh, tá an tAontas réidh chun oibriú le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim chun a dtionscail déantúsaíochta a dhícharbónú. Thairis sin, ba cheart don Aontas tacú le tíortha is lú forbairt leis an gcúnamh teicniúil is gá chun a n-oiriúnú do na hoibleagáidí nua a bhunaítear leis an rialachán seo a éascú. ***Cé go ndéanfar an t-ioncam arna ghiniúint as deimhnithe SCCT a dhíol a chur isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncam ginearálta agus nár cheart iad a shannadh d'aon chaiteachas sonrach ar bhuiséad an Aontais, i bhfianaise phrionsabal na huilíochta lena rialaítear buiséad an Aontais, ba cheart don Aontas iarrachtaí na dtíortha is lú forbairt a mhaoiniú i dtreo dhícharbónú a dtionscal monaraíochta a mbeidh méid bliantúil ag gabháil leis a chomhfhreagraíonn ar a laghad do leibhéal an ioncaim a ghintear le deimhnithe SCCT a dhíol. Ba cheart cistiú den sórt sin a chur ar fáil tríd an tacaíocht airgeadais a chuireann an tAontas ar fáil don mhaoiniú idirnáisiúnta don aeráid agus do na cláir gheografacha ábhartha agus tríd an gclár téamach An Ionstraim um Dhúshláin Dhomhanda maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]). Ba cheart na coigeartuithe is gá ar leithreasú buiséadach na hIonstraime sin a dhéanamh trí nós imeachta buiséadach bliantúil an Aontais go dtí 2027 agus ba cheart iad a áireamh ansin sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.*** |

***([1a]) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).***

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 57 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(57a)* ***Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar aon athruithe ar na sreabha trádála ó na tíortha is lú forbairt atá inchurtha i leith SCCT chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Rialacháin seo, lena n-áirítear a rannchuidiú le sceitheadh carbóin a chosc agus a thionchar ar shreabha trádála idir an tAontas agus na tíortha is lú forbairt. Ba cheart don Choimisiún faireachán rialta a dhéanamh ar an gcúnamh teicniúil a chuirtear ar fáil do na tíortha is lú forbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht ó thaobh rannchuidiú leis an bpróiseas dícharbónaithe sna tíortha sin de.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal ***na saineolaithe***, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 ([51]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (59) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal ***na saineolaithe ábhartha agus na n-earnálacha tionsclaíocha ábhartha***, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 ([51]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |
| ([51]) Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1). | ([51]) Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1). |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (61) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis airgeadais agus riaracháin a ghearradh. | (61) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis airgeadais agus riaracháin a ghearradh. ***De réir Europol, tá caillteanas de níos mó ná EUR 5 billiún d'ioncam poiblí mar thoradh ar chalaois creidmheasa carbóin. Dá bhrí sin, ba cheart do SCCT sásraí iomchuí agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun caillteanais ioncaim phoiblí a sheachaint.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 61 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(61a) Ba cheart údarás SCCT a chistiú ar bhealach chun a fheidhmiú inmharthana a ráthú agus chun bainistíocht fhónta airgeadais a chumasú. Ba cheart gur ar ioncam ginearálta bhuiséad an Aontais a thitfeadh aon chostais a bhaineann le bunú agus oibriú an údaráis.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaítear leis an Rialachán seo sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ("SCCT") chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá leabaithe sna hearraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, tráth a n-allmhairithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais, chun an riosca sceite carbóin ***a chosc***. | 1. Bunaítear leis an Rialachán seo sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ("SCCT") chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá leabaithe sna hearraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, tráth a n-allmhairithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ***chun astaíochtaí carbóin domhanda a laghdú agus chun tacú le cur chun feidhme spriocanna Chomhaontú Pháras trí*** aon riosca sceite carbóin ***ón Aontas a chosc agus trí laghdú astaíochtaí i dtríú tíortha a dhreasú. Chun na críche sin, tá sé mar aidhm ag SCCT praghsáil charbóin a chothromú le haghaidh allmhairí agus táirgí intíre atá laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. De réir a chéile ***éireoidh*** an sásra sin ***ina rogha mhalartach*** ar na sásraí a bunaíodh faoi Threoir 2003/87/CE chun an riosca sceite carbóin a chosc, go háirithe an leithdháileadh lamháltas saor in aisce i gcomhréir le hAirteagal 10a den Treoir sin. | 3. Beartaítear ***go gcuirfear*** an sásra ***in ionad*** na sásraí a bunaíodh faoi Threoir 2003/87/CE ***de réir a chéile*** chun an riosca sceite carbóin a chosc, go háirithe an leithdháileadh lamháltas saor in aisce i gcomhréir le hAirteagal 10a den Treoir sin. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin 1 Eanáir 2030, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na hearnálacha uile a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE.*** |
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí amlíne a bhunú chun na hearraí uile faoi na hearnálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE a chur san áireamh de réir a chéile. Tabharfaidh an Coimisiún sa ghníomh tarmligthe sin tús áite do na hearraí is mó atá neamhchosanta ar sceitheadh carbóin agus arb iad is déine ó thaobh carbóin de. Glacfar an gníomh tarmligthe sin faoin 30 Meitheamh 2025.*** |
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar Iarscríbhinn I trí na hearraí uile faoi na hearnálacha a chumhdaítear in CTA AE a chur leis.*** |
| | ***Faoin… [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar Iarscríbhinn I trí tháirgí iartheachtacha na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur leis. Beidh sciar suntasach de cheann amháin ar a laghad de na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I sna táirgí iartheachtacha sin.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún ***gníomhartha cur chun feidhme*** a ghlacadh chun na coinníollacha ***a chinneadh*** maidir leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a chur i bhfeidhm i leith earraí dá dtagraítear i mír 2. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29 (2).*** | 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe*** a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 28*** chun ***an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na*** coinníollacha ***a leagan amach*** i ndáil le SCCT a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí dá dtagraítear i mír 2. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 7 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cuirtear chun feidhme leis an dlí náisiúnta sa tríú tír sin nó sa tríú críoch sin príomhfhorálacha reachtaíocht mhargadh leictreachais an Aontais, lena n-áirítear an reachtaíocht maidir le forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh ***agus le*** cúpláil margaí leictreachais; | (b) cuirtear chun feidhme leis an dlí náisiúnta sa tríú tír sin nó sa tríú críoch sin príomhfhorálacha reachtaíocht mhargadh leictreachais an Aontais, lena n-áirítear an reachtaíocht maidir le forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh, le cúpláil margaí leictreachais***, agus cuirtear chun feidhme leis acquis aeráide, comhshaoil agus iomaíochta an Aontais, agus na spriocdhátaí a comhaontaíodh á n-urramú go hiomlán***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 7 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) agus an treochlár á chur chun feidhme aici de bhun phointe (c), tá dul chun cinn substaintiúil i dtreo ailíniú na reachtaíochta intíre le dlí an Aontais i réimse na gníomhaíochta ar son na haeráide léirithe ag an tríú tír nó ag an tríú críoch, ar bhonn an treochláir sin, lena n-áirítear dul chun cinn i dtreo praghsála carbóin ar leibhéal coibhéiseach leis an Aontas a mhéid a bhaineann le giniúint leictreachais ar a laghad. Maidir le córas trádála astaíochtaí le haghaidh leictreachais a chur chun feidhme, a bhfuil praghas coibhéiseach aige le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, tabharfar chun críche é faoin 1 Eanáir ***2030***; | (e) agus an treochlár á chur chun feidhme aici de bhun phointe (c), tá dul chun cinn substaintiúil i dtreo ailíniú na reachtaíochta intíre le dlí an Aontais i réimse na gníomhaíochta ar son na haeráide léirithe ag an tríú tír nó ag an tríú críoch, ar bhonn an treochláir sin, lena n-áirítear dul chun cinn i dtreo praghsála carbóin ar leibhéal coibhéiseach leis an Aontas a mhéid a bhaineann le giniúint leictreachais ar a laghad. Maidir le córas trádála astaíochtaí le haghaidh leictreachais a chur chun feidhme, a bhfuil praghas coibhéiseach aige le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, tabharfar chun críche é faoin 1 Eanáir ***2028***; |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfar tríú tír nó tríú críoch a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 7, pointí (a) go (f), a liostú in Iarscríbhinn II, Roinn B, den Rialachán seo, agus cuirfidh sí isteach ***dhá*** thuarascáil maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha de bhun mhír 7, pointí (a) go (f), ceann amháin roimh an 1 Iúil ***2025*** agus an ceann eile roimh an 1 Iúil 2029. Faoin 31 Nollaig ***2025*** agus faoin 31 Nollaig 2029, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú, go háirithe ar bhonn an treochláir de bhun mhír 7, pointe (c), agus ar bhonn na dtuarascálacha a fuarthas ón tríú tír nó ón tríú críoch, cé acu atá an tríú tír nó an tríú críoch sin fós ag urramú na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 7 nó nach bhfuil. | 8. Déanfar tríú tír nó tríú críoch a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 7, pointí (a) go (f), a liostú in Iarscríbhinn II, Roinn B, den Rialachán seo, agus cuirfidh sí isteach ***trí*** thuarascáil ***chuimsitheacha*** maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha de bhun mhír 7, pointí (a) go (f), ceann amháin roimh an 1 Iúil ***2024, ceann roimh an 1 Iúil 2027*** agus an ceann eile roimh an 1 Iúil 2029. Faoin 31 Nollaig ***2024, faoin 31 Nollaig 2027*** agus faoin 31 Nollaig 2029, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú, go háirithe ar bhonn an treochláir de bhun mhír 7, pointe (c), agus ar bhonn na dtuarascálacha a fuarthas ón tríú tír nó ón tríú críoch, cé acu atá an tríú tír nó an tríú críoch sin fós ag urramú na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 7 nó nach bhfuil. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 9 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) má tá fianaise ag an gCoimisiún go bhfuil méadú tagtha ar na hastaíochtaí ó tháirgeadh leictreachais sa tír nó sa chríoch mar thoradh ar onnmhairí leictreachais chuig an Aontas.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Féadfaidh an tAontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha d'fhonn sásraí praghsála carbóin sna tíortha sin a chur san áireamh i gcur i bhfeidhm Airteagal 9. | 12. Féadfaidh an tAontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha d'fhonn sásraí praghsála carbóin sna tíortha sin a chur san áireamh i gcur i bhfeidhm Airteagal 9. ***Ní bheidh mar thoradh ar chomhaontuithe den sórt sin cóir fhabhrach mhíchuí allmhairí ó na tríú tíortha i ndáil le deimhnithe SCCT atá le tabhairt suas agus cuirfear san áireamh leo aon mheicníochtaí praghsála carbóin a mheastar a bheith ina gcleachtais imchéimniúcháin de réir bhrí Airteagal 27(2).*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn "údarás ***inniúil"*** an t-údarás, ***arna ainmniú ag gach Ballstát*** i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo; | (11) ciallaíonn "údarás ***SCCT***" an t-údarás ***arna bhunú*** i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo; |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ciallaíonn "astaíochtaí díreacha" astaíochtaí ó na próisis táirgthe earraí a bhfuil rialú díreach ag an táirgeoir orthu; | (15) ciallaíonn "astaíochtaí díreacha" astaíochtaí ó phróisis táirgthe na n-earraí a bhfuil rialú díreach ag an táirgeoir orthu, ***lena n-áirítear astaíochtaí ó tháirgeadh téimh agus fuaraithe a ídítear le linn na bpróiseas táirgthe***; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ciallaíonn "astaíochtaí leabaithe" astaíochtaí díreacha a scaoiltear le linn tháirgeadh na n-earraí, agus a ríomhtar de bhun na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III; | (16) ciallaíonn "astaíochtaí leabaithe" astaíochtaí díreacha ***agus indíreacha*** a scaoiltear le linn tháirgeadh ***na n-earraí agus an leictreachas a ídítear le linn phróisis táirgthe*** na n-earraí, agus a ríomhtar de bhun na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ciallaíonn "deimhniú SCCT" deimhniú i bhformáid leictreonach a fhreagraíonn do thona amháin astaíochtaí leabaithe in earraí; | (18) ciallaíonn "deimhniú SCCT" deimhniú ***atá i gcoiteann ag na Ballstáit go léir*** agus atá i bhformáid leictreonach a fhreagraíonn do thona amháin astaíochtaí leabaithe in earraí; |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) ciallaíonn “astaíochtaí iarbhír” na hastaíochtaí a ríomhtar bunaithe ar shonraí príomhúla ó na próisis táirgthe earraí; | (22) ciallaíonn “astaíochtaí iarbhír” na hastaíochtaí a ríomhtar ***agus a fhíoraítear*** bunaithe ar shonraí príomhúla ó na próisis táirgthe earraí ***agus ó tháirgeadh leictreachais a ídítear le linn phróisis táirgthe na n-earraí***; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ciallaíonn “praghas carbóin” an tsuim airgid a íoctar i dtríú tír i bhfoirm cánach nó lamháltas astaíochtaí faoi chóras trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa, a ríomhtar de réir gáis ceaptha teasa a chumhdaítear leis an mbeart sin agus a scaoiltear le linn tháirgeadh na n-earraí; | (23) ciallaíonn “praghas carbóin” an tsuim airgid a íoctar i dtríú tír i bhfoirm cánach***, táille*** nó lamháltas astaíochtaí faoi chóras trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa, a ríomhtar de réir gáis ceaptha teasa a chumhdaítear leis an mbeart sin agus a scaoiltear le linn tháirgeadh na n-earraí; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ciallaíonn “astaíochtaí indíreacha” astaíochtaí ó tháirgeadh leictreachais, téimh agus fuaraithe, a úsáidtear le linn phróisis táirgthe na n-earraí. | (28) ciallaíonn “astaíochtaí indíreacha” astaíochtaí ***gás ceaptha teasa*** ó ***phróisis*** táirgthe an leictreachais a ídítear le linn phróisis táirgthe na n-earraí; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) ciallaíonn “tír is lú forbairt” tír atá ar áireamh sa liosta de thíortha den sórt sin arna bhunú ag Comhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28b) ciallaíonn "fachtóir SCCT" fachtóir lena laghdaítear leithdháileadh lamháltas saor in aisce le haghaidh na suiteálacha a tháirgeann na hearraí a chumhdaítear in Iarscríbhinn I;*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28c) ciallaíonn "táirgí iartheachtacha" táirgí a tháirgtear trí úsáid a bhaint as earraí mar a liostaítear in Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní dhéanfaidh ach dearbhóir atá údaraithe ag an údarás ***inniúil*** i gcomhréir le hAirteagal 17 ("dearbhóir údaraithe") earraí a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais. | Ní dhéanfaidh ach dearbhóir atá údaraithe ag údarás ***SCCT*** i gcomhréir le hAirteagal 17 ("dearbhóir údaraithe") earraí a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais. |
| | ***(Tá feidhm ag an ainmniú "údarás SCCT" ar fud an téacs. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha tríd síos)*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sula ndéanfaidh aon dearbhóir earraí dá dtagraítear in Airteagal 2 a allmhairiú, déanfaidh sé iarratas ar údarú chuig an údarás áitiúil ag an áit a bhfuil sé bunaithe chun na hearraí sin a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais. | 1. Sula ndéanfaidh aon dearbhóir earraí dá dtagraítear in Airteagal 2 a allmhairiú, déanfaidh sé iarratas ar údarú chuig údarás ***SCCT*** ag an áit a bhfuil sé bunaithe chun na hearraí sin a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) dearbhú ar onóir nach raibh an dearbhóir páirteach in aon sárú tromchúiseach ná in aon sraith sáraithe ar reachtaíocht chustaim, ar rialacha cánachais nó ar rialacha maidir le drochúsáid mhargaidh le linn na 5 bliana roimh bhliain an iarratais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheith aige maidir le cionta coiriúla ***tromchúiseacha*** a bhaineann ***lena*** ghníomhaíocht eacnamaíoch; | (e) dearbhú ar onóir nach raibh ***an dearbhóir ná, i gcás inarb infheidhme, comhalta boird den*** dearbhóir páirteach in aon sárú tromchúiseach ná in aon sraith sáraithe ar reachtaíocht chustaim, ar rialacha cánachais nó ar rialacha maidir le drochúsáid mhargaidh le linn na 5 bliana roimh bhliain an iarratais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheith aige maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch ***an dearbhóra***; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) an fhaisnéis uile is gá lena thaispeáint go bhfuil an acmhainn airgeadais agus an acmhainn oibríochtúil ag an dearbhóir chun a oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus, má chinneann an t-údarás ***inniúil*** ar bhonn measúnú riosca gur gá sin, doiciméid tacaíochta lena ndeimhnítear an fhaisnéis sin, amhail an cuntas brabúis agus caillteanais agus an clár comhardaithe le haghaidh suas le 3 cinn de na blianta airgeadais ba dhéanaí dár dúnadh na cuntais; | (f) an fhaisnéis uile is gá lena thaispeáint go bhfuil an acmhainn airgeadais agus an acmhainn oibríochtúil ag an dearbhóir chun a oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus, má chinneann údarás ***SCCT*** ar bhonn measúnú riosca gur gá sin, doiciméid tacaíochta lena ndeimhnítear an fhaisnéis sin, amhail an cuntas brabúis agus caillteanais agus an clár comhardaithe le haghaidh suas le 3 cinn de na blianta airgeadais ba dhéanaí dár dúnadh na cuntais; |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh an t-iarratasóir a iarratas a tharraingt siar tráth ar bith. | 4. Féadfaidh an t-iarratasóir a iarratas ***a mhodhnú nó*** a tharraingt siar tráth ar bith. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfidh an dearbhóir údaraithe an t-údarás ***inniúil*** ar an eolas gan mhoill mar gheall ar aon athrú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh faoi mhír 3, a thiocfaidh chun cinn i ndiaidh don chinneadh a bheith déanta, agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an gcinneadh a glacadh de bhun Airteagal 17 nó ar ábhar an údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 17. | 5. Cuirfidh an dearbhóir údaraithe údarás ***SCCT*** ar an eolas gan mhoill mar gheall ar aon athrú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh faoi mhír 3, a thiocfaidh chun cinn i ndiaidh don chinneadh a bheith déanta, agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an gcinneadh a glacadh de bhun Airteagal 17 nó ar ábhar an údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 17. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, a bhaineann le formáid chaighdeánach an iarratais agus leis na moilleanna agus leis an nós imeachta is inleanta ag an údarás ***inniúil*** agus iarratais ar údarú á bpróiseáil aige i gcomhréir le mír 1 agus na rialacha maidir le sainaithint ag an údarás ***inniúil*** na ndearbhóirí chun leictreachas a allmhairiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2). | 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, a bhaineann le formáid chaighdeánach an iarratais agus leis na moilleanna agus leis an nós imeachta is inleanta ag údarás ***SCCT*** agus iarratais ar údarú á bpróiseáil aige i gcomhréir le mír 1 agus na rialacha maidir le sainaithint ag údarás ***SCCT*** na ndearbhóirí chun leictreachas a allmhairiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2). |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 31 Bealtaine gach bliain, cuirfidh gach dearbhóir údaraithe dearbhú ("dearbhú SCCT"), le haghaidh na bliana féilire roimh an dearbhú, faoi bhráid an údaráis ***inniúil***. | 1. Faoin 31 Bealtaine gach bliain, déanfaidh gach dearbhóir údaraithe dearbhú ("dearbhú SCCT"), le haghaidh na bliana féilire roimh an dearbhú, a thíolacadh d'údarás ***SCCT***. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cóip den tuarascáil fíorúcháin a d'eisigh an fíoraitheoir creidiúnaithe faoi Airteagal 8 agus Iarscríbhinn V.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Coimeádfaidh an dearbhóir údaraithe na taifid sin ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4, lena n-áirítear tuarascáil an fhíoraitheora, go dtí deireadh an cheathrú bliain i ndiaidh na bliana a cuireadh isteach an dearbhú SCCT nó ba cheart an dearbhú SCCT a chur isteach. | 5. Coimeádfaidh an dearbhóir údaraithe na taifid sin ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4, lena n-áirítear tuarascáil an fhíoraitheora, go dtí deireadh an cheathrú bliain i ndiaidh na bliana a cuireadh isteach an dearbhú SCCT nó ba cheart an dearbhú SCCT a chur isteach. ***Beidh na taifid sin mionsonraithe a ndóthain chun cur ar a gcumas do na fíoraitheoirí creidiúnaithe na hastaíochtaí leabaithe a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 8 agus chun cur ar a chumas d'údarás SCCT athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhú SCCT i gcomhréir le hAirteagal 19(1). Coinneoidh an dearbhóir údaraithe na taifid sin ar feadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 19(1) ina bhféadfaidh údarás SCCT athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhú SCCT.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann le ***rialacha mionsonraithe maidir le*** gnéithe de na modhanna ríofa a leagtar amach in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear teorainneacha córais próiseas táirgthe, fachtóirí astaíochta, luachanna suiteáil-sonracha astaíochtaí iarbhír agus luachanna réamhshocraithe agus a gcur i bhfeidhm faoi seach ar earraí aonair a chinneadh chomh maith le modhanna a leagan síos chun iontaofacht na sonraí a áirithiú, ar sonraí iad a gcinnfear na luachanna réamhshocraithe ar a mbonn, lena n-áirítear an leibhéal mionsonra agus fíorú na sonraí. I gcás inar gá, forálfar leis na gníomhartha sin gur féidir na luachanna réamhshocraithe a oiriúnú do limistéir, do réigiúin nó do thíortha ar leith chun tosca sonracha oibiachtúla a chur san áireamh, mar shampla tíreolaíocht. acmhainní nádúrtha, dálaí margaidh, gnáthfhoinsí fuinnimh, nó próisis thionsclaíocha. Leis na gníomhartha cur chun feidhme, tógfar ar reachtaíocht atá ann cheana chun fíorú a dhéanamh ar shonraí astaíochtaí agus gníomhaíochta i gcás suiteálacha atá cumhdaithe faoi Threoir 2003/87/CE, go háirithe Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067. | 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le gnéithe de na modhanna ríofa a leagtar amach in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear teorainneacha córais próiseas táirgthe, fachtóirí astaíochta, luachanna suiteáil-sonracha astaíochtaí iarbhír agus luachanna réamhshocraithe agus a gcur i bhfeidhm faoi seach ar earraí aonair a chinneadh chomh maith le modhanna a leagan síos chun iontaofacht na sonraí a áirithiú, ar sonraí iad a gcinnfear na luachanna réamhshocraithe ar a mbonn, lena n-áirítear an leibhéal mionsonra agus fíorú na sonraí. I gcás inar gá, forálfar leis na gníomhartha sin gur féidir na luachanna réamhshocraithe a oiriúnú do limistéir, do réigiúin nó do thíortha ar leith chun tosca sonracha oibiachtúla a chur san áireamh, mar shampla tíreolaíocht, acmhainní nádúrtha, dálaí margaidh, gnáthfhoinsí fuinnimh, nó próisis thionsclaíocha. Leis na gníomhartha cur chun feidhme, tógfar ar reachtaíocht atá ann cheana chun fíorú a dhéanamh ar shonraí astaíochtaí agus gníomhaíochta i gcás suiteálacha atá cumhdaithe faoi Threoir 2003/87/CE, go háirithe Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar an Rialachán seo maidir le sainmhíniú ar mhodh chun astaíochtaí indíreacha leabaithe a ríomh le haghaidh táirgí simplí agus casta agus luachanna réamhshocraithe ábhartha, chomh maith le modh chun praghas SCCT ar astaíochtaí leabaithe indíreacha a chinneadh.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh an dearbhóir údaraithe go ndéanfaidh fíoraitheoir atá creidiúnaithe de bhun Airteagal 18 iomlán na n-astaíochtaí leabaithe a dearbhaíodh sa dearbhú SCCT agus a cuireadh isteach de bhun ***Airteagal 6*** a fhíorú, bunaithe ar na prionsabail fíorúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V. | 1. Áiritheoidh dearbhóir údaraithe ***SCCT*** go ndéanfaidh fíoraitheoir atá creidiúnaithe de bhun Airteagal 18 iomlán na n-astaíochtaí leabaithe a dearbhaíodh sa dearbhú SCCT agus a cuireadh isteach de bhun ***Airteagail 6 agus 35, chomh maith leis an modheolaíocht, agus na sonraí agus na doiciméid tacaíochta*** a fhíorú, bunaithe ar na prionsabail fíorúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Údaraítear údarás SCCT cruinneas na faisnéise arna soláthar i ndearbhú SCCT a fhíorú de bhun an Airteagail seo.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún ***gníomhartha cur chun*** feidhme a ghlacadh a bhaineann leis na prionsabail fíorúcháin dá dtagraítear i mír 1 a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht tarscaoileadh a dhéanamh ar an oibleagáid go dtabharfadh an fíoraitheoir cuairt ar an tsuiteáil ina ndéantar na hearraí ábhartha a tháirgeadh agus ar an oibleagáid tairseacha a shocrú chun cinneadh a dhéanamh cé acu atá míráitis nó neamh-chomhréireachtaí ábhartha nó nach bhfuil agus a bhaineann leis an doiciméadacht tacaíochta atá riachtanach le haghaidh na tuarascála fíorúcháin. | Tugtar de chumhacht don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar an Rialachán seo,*** a bhaineann leis na prionsabail fíorúcháin dá dtagraítear i mír 1 maidir leis an bhféidearthacht tarscaoileadh a dhéanamh ar an oibleagáid go dtabharfadh an fíoraitheoir cuairt ar an tsuiteáil ina ndéantar earraí ábhartha a tháirgeadh agus ar an oibleagáid tairseacha a shocrú chun cinneadh a dhéanamh cé acu atá míráitis nó neamh-chomhréireachtaí ábharach nó nach bhfuil, agus a bhaineann leis an doiciméadacht tacaíochta atá riachtanach le haghaidh na tuarascála fíorúcháin. ***Ní fhéadfar úsáid a bhaint as an bhféidearthacht an oibleagáid ar an bhfíoraitheoir creidiúnaithe cuairt a thabhairt ar an tsuiteáil nuair a tháirgtear earraí ábhartha a úsáid ach amháin i gcúinsí a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil próifíl chaighdeánach aitheanta ag an tsuiteáil maidir le táirgeadh agus teicneolaíocht, lena bhféadfar meastachán iontaofa a dhéanamh ar astaíochtaí leabaithe. Leanfaidh údarás SCCT de bheith údaraithe chun cruinneas na faisnéise a sholáthraítear i ndearbhú SCCT a fhíorú i ngach cás. Beidh na forálacha a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe den sórt sin coibhéiseach leis na forálacha i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Praghas carbóin a íocadh i dtír thionscnaimh | Praghas carbóin ***sainráite*** a íocadh i dtír thionscnaimh |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh dearbhóir údaraithe éileamh a dhéanamh ina dhearbhú SCCT ar laghdú i líon na ndeimhnithe SCCT atá le tabhairt suas chun go gcuirfí san áireamh an praghas carbóin a íocadh sa tír thionscnaimh le haghaidh na n-astaíochtaí leabaithe údaraithe. | 1. Féadfaidh dearbhóir údaraithe éileamh a dhéanamh ina dhearbhú SCCT ar laghdú i líon na ndeimhnithe SCCT atá le tabhairt suas chun go gcuirfí san áireamh an praghas carbóin ***sainráite*** a íocadh sa tír thionscnaimh le haghaidh na n-astaíochtaí leabaithe údaraithe. ***Féadfaidh an laghdú sin a bheith cothrom le 100 % freisin má tá an praghas carbóin a íocfar sa tír thionscnaimh coibhéiseach le praghas carbóin an Aontais nó níos airde ná é.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Coimeádfaidh an dearbhóir údaraithe taifid den doiciméadacht, arna deimhniú ag ***duine neamhspleách***, atá de dhíth chun a léiriú go raibh na hastaíochtaí leabaithe dearbhaithe faoi réir praghas carbóin i dtír thionscnaimh na n-earraí agus coimeádfaidh sé fianaise de chruthúnas na híocaíochta iarbhír don phraghas carbóin sin nár cheart a bheith faoi réir lacáiste onnmhairiúcháin ná cúiteamh de chineál ar bith eile ar onnmhairiú. | 2. Coimeádfaidh an dearbhóir údaraithe taifid ar an doiciméadacht, arna deimhniú ag ***fíoraitheoir creidiúnaithe***, atá de dhíth chun a léiriú go raibh na hastaíochtaí leabaithe dearbhaithe faoi réir praghas carbóin ***sainráite*** i dtír thionscnaimh na n-earraí agus coimeádfaidh sé fianaise de chruthúnas na híocaíochta iarbhír don phraghas carbóin sin nár cheart a bheith faoi réir lacáiste onnmhairiúcháin ná cúiteamh ***díreach nó indíreach*** de chineál ar bith eile ar onnmhairiú. ***Beidh ainm agus sonraí teagmhála an fhíoraitheora chreidiúnaithe le feiceáil ar an doiciméadacht. Déanfaidh an dearbhóir údaraithe an doiciméadacht sin a tharchur chuig údarás SCCT.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear an mhodheolaíocht chun an laghdú i líon na ndeimhnithe SCCT atá le tabhairt suas a ríomh, maidir leis an bpraghas carbóin a íocadh in airgeadra eachtrach a chomhshó go euro ag meánráta malairte bliantúil i gcomhréir le mír 1, agus maidir le cáilíochtaí an ***duine neamhspleách*** a dheimhníonn an fhaisnéis chomh maith le míreanna cruthúnais maidir leis an bpraghas carbóin a íocadh agus an easpa lacáistí onnmhairiúcháin nó cineálacha eile cúitimh ar onnmhairiú a chur i fheidhm dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2). | 4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear an mhodheolaíocht chun an laghdú i líon na ndeimhnithe SCCT atá le tabhairt suas a ríomh, maidir leis an bpraghas carbóin a íocadh in airgeadra eachtrach a chomhshó go euro ag meánráta malairte bliantúil i gcomhréir le mír 1, agus maidir le cáilíochtaí an fhíoraitheora ***chreidiúnaithe*** a dheimhníonn an fhaisnéis chomh maith le míreanna cruthúnais maidir leis an bpraghas carbóin a íocadh agus an easpa lacáistí onnmhairiúcháin nó cineálacha eile cúitimh ***dhírigh agus indírigh*** ar onnmhairiú a chur i fheidhm dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2). |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Arna iarraidh sin d'oibreoir suiteála atá lonnaithe i dtríú tír, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis faoin oibreoir sin agus faoina shuiteáil a chlárú i mbunachar ***sonraí lárnach*** dá dtagraítear in Airteagal ***14(4)***. | 1. Arna iarraidh sin d'oibreoir suiteála atá lonnaithe i dtríú tír, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis faoin oibreoir sin agus faoina shuiteáil a chlárú i ***gclárlann SCCT*** dá dtagraítear in Airteagal ***14***. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh na taifid dá dtagraítear i mír 5, pointe (c) mionsonraithe a ndóthain chun an fíorú a dhéanamh i gcomhréir le mír 5, pointe (b), agus chun cur ar a chumas ***d'aon*** údarás ***inniúil*** athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 19(1), ar an dearbhú SCCT a rinne dearbhóir údaraithe ar nochtadh an fhaisnéis ábhartha dó i gcomhréir le mír 8. | 6. Beidh na taifid dá dtagraítear i mír 5, pointe (c), mionsonraithe a ndóthain chun an fíorú a dhéanamh i gcomhréir le mír 5, pointe (b), agus chun cur ar a chumas d'údarás ***SCCT*** athbhreithniú ***agus fíorú a dhéanamh***, i gcomhréir le hAirteagal 19(1), ar an dearbhú SCCT a rinne dearbhóir údaraithe ar nochtadh an fhaisnéis ábhartha dó i gcomhréir le mír 8. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ***Féadfaidh oibreoir*** an fhaisnéis mar gheall ***ar fhíorú*** astaíochtaí leabaithe dá dtagraítear i mír 5 ***a nochtadh do dhearbhóir údaraithe***. Beidh an dearbhóir údaraithe i dteideal leas a bhaint as an bhfaisnéis ***nochta*** chun an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 8 a chomhlíonadh. | 7. ***Beidh rochtain ag an bpobal ar*** an bhfaisnéis maidir le hastaíochtaí leabaithe ***fíoraithe*** dá dtagraítear i mír 5 ***trí chlárlann SCCT***. Beidh an dearbhóir údaraithe i dteideal leas a bhaint as an bhfaisnéis chun an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 8 a chomhlíonadh. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Caibidil III – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Údaráis inniúla*** | ***Údarás SCCT*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Údaráis inniúla*** | ***Údarás SCCT*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ainmneoidh gach Ballstát*** an t-údarás ***inniúil*** chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo ***a chomhlíonadh agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin***. | ***Bunóidh an Coimisiún*** údarás ***SCCT*** chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo ***a chomhlíonadh***. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cuirfidh an Coimisiún liosta de na húdaráis inniúla go léir ar fáil do na Ballstáit agus foilseoidh sé an fhaisnéis sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar údaráis inniúla aon fhaisnéis atá riachtanach nó ábhartha maidir le feidhmiú a bhfeidhmeanna agus a ndualgas a mhalartú.*** | ***scriosta*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 12*** | ***scriosta*** |
| ***Coimisiún*** | |
| ***Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh do na húdaráis inniúla a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus a ngníomhaíochtaí a chomhordú.*** | |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12a*** |
| | ***Cinntí údarás SCCT*** |
| | ***1. Déanfaidh údarás SCCT, gan mhoill, cinntí chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.*** |
| | ***2. Gabhfaidh éifeacht le cinneadh arna dhéanamh ag údarás SCCT ón dáta a thabharfar fógra faoin gcinneadh sin don seolaí.*** |
| | ***3. Más amhlaidh go measann údarás SCCT nach bhfuil an fhaisnéis ar fad is gá aige chun cinneadh a dhéanamh, rachaidh sé i dteagmháil le seolaí an chinnidh agus sonróidh sé an fhaisnéis bhreise atá de dhíth. Sa chás sin, déanfaidh seolaí an chinnidh, gan mhoill, an fhaisnéis is gá a thíolacadh d'údarás SCCT.*** |
| | ***4. Cuirfidh seolaí an chinnidh údarás SCCT ar an eolas gan mhoill faoi aon athruithe a thiocfaidh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh tar éis don chinneadh a bheith déanta. Sa chás sin, déanfaidh údarás SCCT athmheasúnú ar a chinneadh i bhfianaise na faisnéise sin agus déanfaidh sé an cinneadh sin a dhearbhú nó a mhodhnú.*** |
| | ***5. I gcás ina mbeartóidh údarás SCCT cinneadh a dhéanamh lena ndéanfar dochar do sheolaí an chinnidh, leagfaidh sé amach na forais ar a bhfuil an cinneadh beartaithe bunaithe agus áireoidh sé sa chinneadh tagairt don cheart achomhairc dá bhforáiltear in Airteagal 27a. Sula ndéanfar an cinneadh sin, tabharfaidh údarás SCCT an deis do sheolaí an chinnidh a thuairim a chur in iúl dó laistigh de thréimhse shocraithe ama. Ar dhul in éag don tréimhse sin, tabharfaidh údarás SCCT fógra faoin gcinneadh don seolaí.*** |

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6. Féadfaidh údarás SCCT, tráth ar bith, a chinneadh a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú tar éis dó iarraidh réasúnaithe a fháil ó sheolaí an chinnidh nó ar a thionscnamh féin, más iomchuí.*** |
| | ***7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thuilleadh socruithe mionsonraithe agus rialacha nós imeachta a bhaineann leis an Airteagal seo a shonrú. Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gach faisnéis a fhaigheann an t-údarás ***inniúil*** agus a dhualgais á chomhlíonadh aige, ar faisnéis rúnda í de bharr a cineáil nó ar faisnéis í a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda, beidh sí faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla. Ní nochtfaidh an t-údarás ***inniúil*** faisnéis den sórt sin gan cead sainráite an duine nó an údaráis a sholáthair í. Féadfar í a roinnt le húdaráis chustaim, leis an gCoimisiún agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus caithfear léi i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle. | Gach faisnéis a fhaigheann údarás ***SCCT*** agus a dhualgais á chomhlíonadh aige, ar faisnéis rúnda í de bharr a cineáil nó ar faisnéis í a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda, beidh sí faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla. Ní nochtfaidh údarás ***SCCT*** faisnéis den sórt sin gan cead sainráite an duine nó an údaráis a sholáthair í. Féadfar í a roinnt le húdaráis chustaim, leis an gCoimisiún agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus caithfear léi i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 14*** | ***scriosta*** |
| ***Clárlanna náisiúnta agus bunachar sonraí lárnach*** | |
| ***1. Bunóidh údarás inniúil gach Ballstáit clárlann náisiúnta dearbhóirí atá údaraithe sa Bhallstát sin i bhfoirm bunachar sonraí leictreonach caighdeánaithe ina bhfuil na sonraí maidir le deimhnithe SCCT na ndearbhóirí sin, agus chun foráil a dhéanamh maidir le rúndacht i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13.*** | |
| ***2. Beidh sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 cuntais le faisnéis mar gheall ar gach dearbhóir údaraithe, go háirithe:*** | |
| ***(a) ainm agus sonraí teagmhála an dearbhóra údaraithe;*** | |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) uimhir EORI an dearbhóra údaraithe;*** | |
| ***(c) an uimhir chuntais SCCT;*** | |
| ***(d) líon, praghas díola, dáta ceannaithe, dáta tugtha suas, nó dáta athcheannaigh, nó an dáta a chuir an t-údarás inniúil ar ceal dheimhnithe SCCT gach dearbhóra údaraithe.*** | |
| ***3. Is faoi rún a bheidh an fhaisnéis sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i mír 2.*** | |
| ***4. Bunóidh an Coimisiún bunachar sonraí lárnach a mbeidh fáil ag an bpobal air ina mbeidh ainmneacha, seoltaí agus sonraí teagmhála na n-oibreoirí agus suíomh na suiteálacha i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 10 (2). Féadfaidh oibreoir rogha a dhéanamh gan a ainm, a sheoladh agus a shonraí teagmhála a bheith ar fáil don phobal.*** | |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 14a*** |
| | ***Clárlann SCCT*** |
| | ***1. Déanfaidh údarás SCCT clárlann SCCT a chur ar bun, i gcomhréir le hAirteagail 20, 21 agus 22, chun próisis a bhaineann le deimhnithe SCCT a fhorghníomhú.*** |
| | ***2. I gclárlann SCCT beidh bunachar sonraí leictreonach ina mbeidh faisnéis faoi gach dearbhóir údaraithe, go háirithe:*** |
| | ***(a) Ainm agus sonraí teagmhála;*** |
| | ***(b) uimhir EORI*** |
| | ***(c) uimhir chuntais SCCT;*** |
| | ***(d) líon, praghas agus dáta ceannaigh na ndeimhnithe SCCT arna sealbhú.*** |
| | ***3. Beidh i gclárlann SCCT freisin, i roinn ar leithligh den bhunachar sonraí, ainmneacha agus mionsonraí breise na n-oibreoirí agus na suiteálacha i dtríú tíortha, arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 10. Beidh sa roinn sin den bhunachar sonraí go háirithe, i gcás inarb infheidhme, astaíochtaí fíoraithe na suiteála.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4. Beidh an fhaisnéis sa bhunachar sonraí faoi rún, seachas ainmneacha na ndearbhóirí agus na n-oibreoirí údaraithe, suíomh agus, i gcás inarb iomchuí, ainm na suiteálacha i dtríú tíortha agus a n-astaíochtaí fíoraithe, a mbeidh rochtain ag an bpobal orthu i bhformáid idir-inoibritheach.*** |
| | ***5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann le bonneagar agus próisis shonracha chlárlann SCCT agus na bunachair sonraí leictreonacha ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2).*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 15*** | ***scriosta*** |
| ***Riarthóir lárnach*** | |
| ***1. Gníomhóidh an Coimisiún mar riarthóir lárnach chun loga idirbheartaíochta neamhspleách a choinneáil ar bun ina gcoimeádfar taifead de cheannach deimhnithe SCCT, dá sealbhaíocht, dá dtabhairt suas, dá n-athcheannach agus dá gcur ar ceal, agus áiritheoidh sé comhordú na gclárlann náisiúnta.*** | |
| ***2. Déanfaidh an riarthóir lárnach rialuithe rioscabhunaithe ar idirbhearta a gcoimeádtar taifead orthu i gclárlanna náisiúnta trí loga idirbheartaíochta neamhspleách chun a áirithiú nach bhfuil aon neamhrialtachtaí ann i gceannach, sealbhaíocht, tabhairt suas, athcheannach agus cur ar ceal deimhnithe SCCT.*** | |
| ***3. Má dhéantar neamhrialtachtaí a shainaithint de thoradh na rialuithe a dhéantar faoi mhír 2, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas le haghaidh imscrúdú breise chun na neamhrialtachtaí a sainaithníodh a cheartú.*** | |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuntais sna clárlanna náisiúnta | Cuntais i ***gclárlann SCCT*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sannfaidh an t-údarás ***inniúil*** uimhir chuntais SCCT uathúil do gach dearbhóir údaraithe. | 1. Sannfaidh údarás ***SCCT*** uimhir chuntais SCCT uathúil do gach dearbhóir údaraithe. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar rochtain do gach dearbhóir údaraithe ar a chuntas sa chlárlann. | 2. Tabharfar rochtain do gach dearbhóir údaraithe ar a chuntas i gclárlann ***SCCT***. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh an t-údarás ***inniúil*** an cuntas ar bun a luaithe a bhronnfar an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus tabharfaidh sé fógra don dearbhóir údaraithe faoi sin. | 3. Cuirfidh údarás ***SCCT*** an cuntas ar bun a luaithe a bhronnfar an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus tabharfaidh sé fógra don dearbhóir údaraithe faoi sin. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Má tá an dearbhóir údaraithe i ndiaidh stad dá ghníomhaíocht eacnamaíoch, nó má rinneadh a údarú a chúlghairm, dúnfaidh an t-údarás ***inniúil*** cuntas an dearbhóra sin. | 4. Má tá an dearbhóir údaraithe i ndiaidh stad dá ghníomhaíocht eacnamaíoch, nó má rinneadh a údarú a chúlghairm, dúnfaidh údarás ***SCCT*** cuntas an dearbhóra sin. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Dearbhóir a chuirfidh iarratas ar údarú isteach i gcomhréir le hAirteagal 5(1), údaróidh an t-údarás ***inniúil*** é má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: | 1. Dearbhóir a thíolacfaidh iarratas ar údarú i gcomhréir le hAirteagal 5(1), údaróidh údarás ***SCCT*** é má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás ***inniúil*** nár comhlíonadh na coinníollacha a liostaítear i mír 1, nó i gcás inar theip ar an iarratasóir an fhaisnéis a sholáthar a liostaítear in Airteagal 5(3), diúltófar an dearbhóir a údarú. | 2. I gcás ina gcinnfidh údarás ***SCCT*** nár comhlíonadh na coinníollacha a liostaítear i mír 1, nó i gcás inar theip ar an iarratasóir an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 5(3) a sholáthar, diúltófar an dearbhóir a údarú. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Má dhiúltaíonn an t-údarás inniúil dearbhóir a údarú, féadfaidh an dearbhóir a bhfuil an t-údarú á iarraidh aige agóid a chur faoi bhráid an údaráis ábhartha faoin dlí náisiúnta, sula ndéanfar achomharc, agus tabharfaidh an t-údarás ábhartha sin treoir don riarthóir náisiúnta an cuntas a oscailt nó seasfaidh sé leis an diúltú i gcinneadh réasúnaithe, faoi réir cheanglais an dlí náisiúnta lena saothraítear cuspóir dlisteanach atá ag luí leis an Rialachán seo agus ar ceanglais iad atá comhréireach.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas i gcinneadh an údaráis ***inniúil*** lena n-údaraítear dearbhóir | 4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas i gcinneadh údarás ***SCCT*** lena n-údaraítear dearbhóir: |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Éileoidh an t-údarás ***inniúil*** go ndéanfar ráthaíocht a sholáthar chun dearbhóir a údarú i gcomhréir le mír 1, mura raibh an dearbhóir bunaithe i rith an dá bhliain airgeadais roimh an mbliain a cuireadh isteach an t-iarratas i gcomhréir le hAirteagal 5(1). | Éileoidh údarás ***SCCT*** go ndéanfar ráthaíocht a sholáthar chun dearbhóir a údarú i gcomhréir le mír 1, mura raibh an dearbhóir bunaithe i rith an dá bhliain airgeadais roimh an mbliain a cuireadh isteach an t-iarratas i gcomhréir le hAirteagal 5(1). |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Socróidh an t-údarás ***inniúil*** méid na ráthaíochta sin ag uasmhéid luach na ndeimhnithe SCCT a chaithfidh an dearbhóir údaraithe a thabhairt suas, agus an uasmhéid sin de réir mheastachán an údaráis ***inniúil***, i gcomhréir le hAirteagal 22. | Socróidh údarás ***SCCT*** méid na ráthaíochta sin ag uasmhéid luach na ndeimhnithe SCCT a chaithfidh an dearbhóir údaraithe a thabhairt suas, agus an t-uasmhéid sin de réir mheastachán údarás ***SCCT***, i gcomhréir le hAirteagal 22. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Soláthrófar an ráthaíocht mar ráthaíocht bainc, atá iníoctha ar an gcéad éileamh, ag institiúid airgeadais a oibríonn san Aontas nó trí aon fhoirm eile ráthaíochta lena soláthraítear dearbhú coibhéiseach. I gcás ina suíonn an t-údarás ***inniúil*** nach n-áirithítear leis an ráthaíocht a soláthraíodh méid na n-oibleagáidí SCCT, nó nach deimhin nó leor an ráthaíocht a soláthraíodh chun méid na n-oibleagáidí SCCT a áirithiú, cuirfidh sé de cheangal ar an dearbhóir údaraithe ráthaíocht bhreise a sholáthar, nó ráthaíocht nua a chur in ionad na ráthaíochta tosaigh, de réir mar a roghnóidh sé féin. | 7. Soláthrófar an ráthaíocht mar ráthaíocht bainc, atá iníoctha ar an gcéad éileamh, ag institiúid airgeadais a oibríonn san Aontas nó trí aon fhoirm eile ráthaíochta lena soláthraítear dearbhú coibhéiseach. I gcás ina suíonn údarás ***SCCT*** nach n-áirithítear leis an ráthaíocht a soláthraíodh méid oibleagáidí SCCT, nó nach deimhin ná leor an ráthaíocht a soláthraíodh chun méid oibleagáidí SCCT a áirithiú, cuirfidh sé de cheangal ar an dearbhóir údaraithe ráthaíocht bhreise a sholáthar, nó ráthaíocht nua a chur in ionad na ráthaíochta tosaigh, de réir mar a roghnóidh sé féin. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Scaoilfidh an t-údarás ***inniúil*** an ráthaíocht díreach tar éis an 31 Bealtaine den dara bliain inar thug an dearbhóir údaraithe suas deimhnithe SCCT i gcomhréir le hAirteagal 22. | 8. Scaoilfidh údarás ***SCCT*** an ráthaíocht díreach tar éis an 31 Bealtaine den dara bliain inar thug an dearbhóir údaraithe suas deimhnithe SCCT i gcomhréir le hAirteagal 22. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Féadfaidh údarás SCCT cruinneas agus iomláine na faisnéise arna tabhairt ag an iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 5(3) a fhíorú mar aon le marthain, barántúlacht, cruinneas agus bailíocht aon doiciméid tacaíochta. Féadfaidh údarás SCCT na rialuithe sin a dhéanamh ag áitreabh an iarratasóra.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Déanfaidh an t-údarás ***inniúil*** údarú dearbhóra a chúlghairm mura bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh aige a thuilleadh, nó mura bhfuil sé ag comhoibriú leis an údarás sin. | 9. Déanfaidh údarás ***SCCT*** údarú dearbhóra a chúlghairm mura bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh aige a thuilleadh, nó mura bhfuil sé ag comhoibriú leis an údarás sin***, nó má fhaightear amach go ndearna sé sárú arís agus arís eile nó sárú tromchúiseach ar an Rialachán seo***. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socraithe praiticiúla chun na critéir dá dtagraítear i mír 1 agus na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 6 a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2).*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Measfar gur fíoraitheoir creidiúnaithe faoin Rialachán seo é duine ar bith a creidiúnaíodh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067. | 1. Measfar gur fíoraitheoir creidiúnaithe faoin Rialachán seo é duine ***dlítheanach*** ar bith a creidiúnaíodh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. De bhreis ar mhír 1, féadfaidh comhlacht creidiúnaithe náisiúnta, arna iarraidh sin dó, duine a chreidiúnú mar fhíoraitheoir faoin Rialachán seo tar éis an doiciméadacht a sheiceáil lena bhfianaítear a inniúlacht na prionsabail fíorúcháin dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a chur i bhfeidhm chun oibleagáidí rialúcháin na n-astaíochtaí leabaithe a bhunaítear in Airteagail 8, 10 agus 38 a chomhlíonadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 le haghaidh an chreidiúnaithe dá dtagraítear i mír ***2***, lena sonraítear coinníollacha maidir le rialú agus formhaoirsiú a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, maidir le creidiúnú a tharraingt siar agus maidir le haitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí na gcomhlachtaí creidiúnúcháin. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 le haghaidh an chreidiúnaithe dá dtagraítear i mír ***1***, lena sonraítear coinníollacha maidir le rialú agus formhaoirsiú a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, maidir le creidiúnú a tharraingt siar agus maidir le haitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí na gcomhlachtaí creidiúnúcháin. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar an dearbhú SCCT laistigh den tréimhse dar críoch an ceathrú bliain i ndiaidh na bliana ba cheart an dearbhú a chur isteach. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh san athbhreithniú fíorú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sa dearbhú SCCT ar bhonn na faisnéise a chuir na húdaráis chustaim in iúl i gcomhréir le hAirteagal 25 (2) agus aon fhaisnéis ábhartha eile, agus ar bhonn aon iniúchta a mheastar a bhfuil gá leis, lena n-áirítear iniúchadh ag áitreabh an dearbhóra údaraithe. | 1. Féadfaidh údarás ***SCCT*** athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhú SCCT laistigh den tréimhse dar críoch an ceathrú bliain i ndiaidh na bliana inar cheart an dearbhú a thíolacadh. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh san athbhreithniú fíorú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sa dearbhú SCCT ar bhonn na faisnéise a chuir na húdaráis chustaim in iúl i gcomhréir le hAirteagal 25 (2) agus aon fhaisnéis ábhartha eile, agus ar bhonn aon iniúchta a mheastar a bhfuil gá leis, lena n-áirítear iniúchadh ag áitreabh an dearbhóra údaraithe. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina bhfuil sé suite ag an údarás ***inniúil*** go bhfuil an líon dearbhaithe de dheimhnithe SCCT atá le tabhairt suas mícheart, nó nár cuireadh isteach aon dearbhú SCCT de bhun mhír 2, déanfaidh sé coigeartú ar an líon deimhnithe SCCT atá dlite ag an dearbhóir údaraithe. Tabharfaidh an t-údarás ***inniúil*** fógra don dearbhóir údaraithe faoin gcoigeartú agus iarrfaidh sé go dtabharfaidh an dearbhóir údaraithe suas na deimhnithe SCCT breise laistigh de thréimhse aon mhí amháin. | 3. I gcás ina bhfuil sé suite ag údarás ***SCCT*** go bhfuil an líon dearbhaithe de dheimhnithe SCCT atá le tabhairt suas mícheart, nó nár cuireadh isteach aon dearbhú SCCT de bhun mhír 2, déanfaidh sé coigeartú ar an líon deimhnithe SCCT atá dlite ag an dearbhóir údaraithe. Tabharfaidh údarás ***SCCT*** fógra don dearbhóir údaraithe faoin gcoigeartú agus iarrfaidh sé go ndéanfaidh an dearbhóir údaraithe deimhnithe SCCT breise a thabhairt suas laistigh de thréimhse aon mhí amháin. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Féadfaidh faighteoir an fhógra dá dtagraítear i mír 3 achomharc ar an bhfógra a thaisceadh. Soláthrófar d'fhaighteoir an fhógra faisnéis maidir leis an nós imeachta is inleanta i gcás achomhairc.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás inar tugadh suas níos mó deimhnithe SCCT ná an líon dlite, déanfaidh an t-údarás ***inniúil*** luach na ndeimhnithe SCCT breise a tugadh suas, arna ríomh ag an meánphraghas a d'íoc an dearbhóir údaraithe as deimhnithe SCCT ***le linn na bliana allmhairiúcháin***, a aisíoc gan mhoill leis an dearbhóir údaraithe. | 5. I gcás inar tugadh suas níos mó deimhnithe SCCT ná an líon dlite, déanfaidh údarás ***SCCT*** luach na ndeimhnithe SCCT breise a tugadh suas, arna ríomh ag an meánphraghas a d'íoc an dearbhóir údaraithe ***as na deimhnithe SCCT sin tráth an cheannaigh,*** a aisíoc gan mhoill leis an dearbhóir údaraithe. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Díolfaidh údarás ***inniúil gach Ballstáit*** deimhnithe SCCT le ***dearbhóirí*** atá údaraithe ***sa Bhallstát sin*** ag an bpraghas a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 21. | 1. Díolfaidh údarás ***SCCT*** deimhnithe SCCT le ***dearbhóirí*** údaraithe ar an bpraghas a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 21. |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an t-údarás ***inniúil*** go sannfar cód céannachta aonaid uathúil do gach deimhniú SCCT nuair a chruthófar é agus cláróidh sé an uimhir chéannachta aonaid uathúil, an praghas agus dáta díola an deimhnithe sa chlárlann ***náisiúnta*** i gcuntas an dearbhóra údaraithe atá á cheannach. | 2. Áiritheoidh údarás ***SCCT*** go sannfar cód céannachta aonaid uathúil do gach deimhniú SCCT nuair a chruthófar é agus cláróidh sé an uimhir chéannachta aonaid uathúil, an praghas agus dáta díola an deimhnithe i gclárlann ***SCCT*** i gcuntas an dearbhóra údaraithe atá á cheannach. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ***chun sainiú breise a dhéanamh*** ar an modheolaíocht chun meánphraghas na ndeimhnithe SCCT a ríomh agus ar shocruithe praiticiúla chun an praghas sin a fhoilsiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2). | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an mhodheolaíocht dá bhforáiltear i mír 1 ***a chur chun feidhme,*** chun meánphraghas dheimhnithe SCCT a ríomh agus chun ***na*** socruithe praiticiúla maidir le foilsiú an phraghais sin a leagan amach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2). |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 31 Bealtaine gach bliain, déanfaidh an dearbhóir údaraithe líon deimhnithe SCCT a thabhairt suas don údarás ***inniúil***, líon a fhreagraíonn do na hastaíochtaí leabaithe a dearbhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6(2)(c) agus a fíoraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8 don bhliain féilire roimh an tabhairt suas | 1. Faoin 31 Bealtaine gach bliain, déanfaidh an dearbhóir údaraithe líon na ndeimhnithe SCCT a thabhairt suas d'údarás ***SCCT***, líon a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí leabaithe ***a ríomhadh i gcomhréir le hIarscríbhinn IIIa agus*** a dearbhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6(2)(c) agus a fíoraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8 don bhliain féilire roimh an tabhairt suas. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críocha mhír 1, áiritheoidh an dearbhóir údaraithe go bhfuil an líon deimhnithe SCCT is gá ar fáil ar a chuntas sa chlárlann ***náisiúnta***. Thairis sin, áiritheoidh an dearbhóir údaraithe go bhfreagraíonn an líon deimhnithe SCCT ar a chuntas sa chlárlann ***náisiúnta*** ag deireadh gach ráithe le 80 faoin gcéad ar a laghad de na hastaíochtaí leabaithe, arna gcinneadh faoi threoir luachanna réamhshocraithe i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III, sna hearraí ar fad atá allmhairithe aige ó bhí tús na bliana féilire ann. | 2. Chun críocha mhír 1, áiritheoidh an dearbhóir údaraithe go bhfuil líon na ndeimhnithe SCCT is gá ar fáil ar a chuntas i gclárlann ***SCCT***. Thairis sin, áiritheoidh an dearbhóir údaraithe go bhfreagraíonn líon na ndeimhnithe SCCT ar a chuntas i gclárlann ***SCCT*** ag deireadh gach ráithe le 80 faoin gcéad ar a laghad de na hastaíochtaí leabaithe, arna gcinneadh faoi threoir luachanna réamhshocraithe i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III, sna hearraí ar fad a d'allmhairigh sé ó bhí tús na bliana féilire ann. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gcinneann an t-údarás ***inniúil*** nach bhfuil an líon deimhnithe SCCT i gcuntas an dearbhóra údaraithe i gcomhréir leis na hoibleagáidí de bhun mhír 2, an dara habairt, tabharfaidh an t-údarás sin fógra faoin gcoigeartú agus iarrfaidh sé go dtabharfaidh an dearbhóir údaraithe suas na deimhnithe SCCT breise laistigh de mhí amháin. | 3. I gcás ina gcinneann údarás SCCT nach bhfuil an líon deimhnithe SCCT i gcuntas an dearbhóra údaraithe i gcomhréir leis na hoibleagáidí de bhun an dara habairt de mhír 2, tabharfaidh an t-údarás sin fógra faoin gcoigeartú agus iarrfaidh sé go ndéanfaidh an dearbhóir údaraithe na deimhnithe SCCT breise a thabhairt suas laistigh d'aon mhí amháin. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Féadfaidh faighteoir an fhógra dá dtagraítear i mír 3 achomharc ar an bhfógra a thaisceadh. Soláthrófar d'fhaighteoir an fhógra faisnéis maidir leis an nós imeachta is inleanta i gcás achomhairc.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Athcheannóidh údarás ***inniúil gach Ballstáit***, arna iarraidh sin do dhearbhóir ***údaraithe sa Bhallstát sin***, an farasbarr de dheimhnithe SCCT a bheidh fágtha ar chuntas an dearbhóra sa chlárlann ***náisiúnta*** tar éis thabhairt suas na ndeimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 22. Cuirfear isteach an iarraidh ar athcheannach faoin 30 Meitheamh gach bliain ina dtugtar suas deimhnithe SCCT. | 1. Athcheannóidh údarás ***SCCT***, arna iarraidh sin do ***dhearbhóir*** údaraithe, deimhnithe SCCT iomarcacha a bheidh fágtha ar chuntas an dearbhóra i gclárlann ***SCCT*** tar éis thabhairt suas na ndeimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 22. Cuirfear isteach an iarraidh ar athcheannach faoin 30 Meitheamh gach bliain ina dtugtar suas deimhnithe SCCT. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh údarás ***inniúil gach Ballstáit*** ar ceal aon deimhniú SCCT a ceannaíodh le linn na bliana roimh an mbliain féilire roimhe sin agus a bhí fágtha i gcuntais clárlainne ***náisiúnta*** na ndearbhóirí atá údaraithe ***sa Bhallstát sin***. | Faoin 30 Meitheamh gach bliain, déanfaidh údarás ***SCCT*** aon deimhnithe SCCT a ceannaíodh le linn na bliana roimh an mbliain féilire roimhe sin agus a d'fhan i gcuntais na ndearbhóirí ***údaraithe*** i gclárlann ***SCCT agus cuirfidh sé na dearbhóirí*** údaraithe ***lena mbaineann ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí***. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 24a*** |
| | ***Ioncam a ghinfear trí dheimhnithe SCCT a dhíol*** |
| | ***1. Ní ioncam sannta a bheidh san ioncam a ghinfear trí dheimhnithe SCCT a dhíol. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar ioncam a ghinfear trí dheimhnithe SCCT a dhíol a shainmhíniú mar acmhainní dílse i gcomhréir le hAirteagal 311 CFAE agus a iontráil i mbuiséad an Aontais mar ioncam ginearálta.*** |
| | ***2. Lena áirithiú go gcomhlíonann SCCT an aidhm atá aige chun astaíochtaí carbóin domhanda a laghdú agus cabhrú le cuspóirí aeráide agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear Comhaontú Pháras, cuirtear tacaíocht airgeadais an Aontais ar fáil chun tacú le maolú agus oiriúnú aeráide sna tíortha is lú forbairt, lena n-áirítear a n-iarrachtaí chun a dtionscail déantúsaíochta a dhícharbónú agus a athrú ó bhonn, gan dochar do mhír 1. Cuirtear cistiú den sórt sin ar fáil trí bhuiséad an Aontais chun rannchuidiú leis an maoiniú idirnáisiúnta don aeráid trí éascú a dhéanamh ar oiriúnú na dtionscal lena mbaineann do na hoibleagáidí nua arna mbunú leis an Rialachán seo agus arna gcomhlánú le cúnamh teicniúil, faoi réir cur chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán ceart saothair agus ceart sóisialta a aithnítear go hidirnáisiúnta amhail chroíchaighdeáin saothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair sa tír is faighteoir.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ba cheart an tacaíocht airgeadais nua ó bhuiséad an Aontais a chur ar fáil faoi chlár geografach agus téamach ábhartha na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/947 agus ba cheart méid na tacaíochta airgeadais sin a chinneadh ar bhonn bliantúil, ar cheart di a bheith ag teacht, ar a laghad, le leibhéal an ioncaim a ghintear ó dheimhnithe SCCT a dhíol****.* |
| | ***3. Chun trédhearcacht a áirithiú agus úsáid á baint as an ioncam a ghintear ó dheimhnithe SCCT a dhíol, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach bliain faoin gcaoi ar baineadh úsáid as méid coibhéiseach luach airgeadais an ioncaim sin ón mbliain roimhe sin agus faoin gcaoi a raibh sé sin ina rannchuidiú le dícharbónú an tionscail déantúsaíochta sna tíortha is lú forbairt.*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 25*** | ***scriosta*** |
| ***Nósanna imeachta ag an teorainn nuair a dhéantar earraí a allmhairiú*** | |
| ***1. Ní cheadóidh na húdaráis chustaim earraí a allmhairiú mura bhfuil an dearbhóir údaraithe ag údarás inniúil tráth a scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht ar a dhéanaí.*** | |
| ***2. Cuirfidh na húdaráis chustaim in iúl go tréimhsiúil, d'údarás inniúil an Bhallstáit sin ina bhfuil an dearbhóir údaraithe, faisnéis faoi na hearraí a dhearbhaítear le haghaidh allmhairithe, lena n-áirítear uimhir EORI agus uimhir chuntais SCCT an dearbhóra, cód AC 8 ndigit na n-earraí, an líon, an tír thionscnaimh, dáta an dearbhaithe agus an nós imeachta custaim.*** | |

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Déanfaidh na húdaráis chustaim rialuithe ar na hearraí i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, lena n-áirítear cód AC 8 ndigit, líon agus tír thionscnaimh na n-earraí allmhairithe. Cuirfidh an Coimisiún na rioscaí a bhaineann le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha san áireamh i ndearadh na gcritéar riosca comhchoiteann agus na gcaighdeán comhchoiteann de bhun de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.*** | |
| ***4. Féadfaidh na húdaráis chustaim faisnéis rúnda a fuair na húdaráis chustaim agus a ndualgas á chomhlíonadh acu nó a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda a chur in iúl i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 d'údarás inniúil an Bhallstáit sin ina bhfuil an dearbhóir údaraithe. Déileálfaidh údaráis inniúla na mBallstát leis an bhfaisnéis seo agus malartóidh siad í i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle.*** | |
| ***5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sainítear an fhaisnéis, an t-uainiú agus an modh chun an fhaisnéis a chur in iúl de bhun mhír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2).*** | |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 25a*** |
| | ***Nósanna imeachta ag an teorainn nuair a dhéantar earraí a allmhairiú*** |
| | ***1. Áiritheoidh na húdaráis chustaim go mbeidh dearbhóir na n-earraí cláraithe le húdarás SCCT tráth a dhearbhófar na hearraí chun a n-allmhairithe agus, ar a dhéanaí, tráth a scaoilfear na hearraí i saorchúrsaíocht.*** |
| | ***2. Déanfaidh na húdaráis chustaim faisnéis shonrach maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a dhearbhaítear chun a n-allmhairithe a chur in iúl go tráthrialta d'údarás SCCT. Áireofar san fhaisnéis sin méid, tír thionscnaimh agus dearbhóir na n-earraí, ar a laghad. Féadfaidh na húdaráis chustaim faisnéis rúnda dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a chur in iúl d'údarás SCCT chun críche an Rialacháin seo.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3. Measfar gur earraí de thionscnamh tríú tíortha iad earraí allmhairithe i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair earraí dá dtagraítear in Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.*** |
| | ***4. Déanfaidh an Coimisiún an tréimhsiúlacht agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29(2).*** |
| | ***5. Amhail ó dháta tionscnaimh gníomhaíochta faoi Airteagal 26a nó faoi Airteagal 27, agus tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas in am trátha, féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí a chlárú ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar na hallmhairí sin ón dáta clárúcháin sin ar aghaidh. Féadfaidh an Coimisiún allmhairí a chur faoi réir clárúcháin tar éis iarraidh a fháil ón tionscal de chuid an Aontais ina bhfuil go leor fianaise chun údar a thabhairt chuige sin nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin. Is le cinneadh ón gCoimisiún a thabharfar clárú isteach agus sonrófar ann cuspóir na gníomhaíochta agus, más iomchuí, meastachán ar mhéid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ní bheidh an tréimhse ina gcuirfear allmhairí faoi réir clárúcháin níos faide ná 9 mí.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 26*** | ***scriosta*** |
| ***Pionóis*** | |
| ***1. Dearbhóir údaraithe a dteipeann air, faoin 31 Bealtaine gach bliain, líon deimhnithe SCCT a thabhairt suas a fhreagraíonn do na hastaíochtaí leabaithe in earraí a allmhairíodh le linn na bliana roimhe sin, dlífear pionós a chur air atá comhionann leis an bpionós i leith astaíochtaí iomarcacha a leagtar amach in Airteagal 16(3) de Threoir 2003/87/CE, agus a ardaíodh de bhun Airteagal 16 (4) den Treoir sin, sa bhliain a allmhairíodh na hearraí, i gcás gach deimhniú SCCT ba cheart a bheith tugtha suas ag an dearbhóir údaraithe.*** | |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Aon duine seachas dearbhóir údaraithe a thabharfaidh earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais gan deimhnithe SCCT a thabhairt suas de réir an Rialacháin seo, dlífear an pionós dá dtagraítear i mír 1 a chur air sa bhliain a tugadh isteach na hearraí, i gcás gach deimhniú SCCT ba cheart a bheith tugtha suas ag an duine.*** | |
| ***3. I gcás ar bith, ní fhágfaidh íoc an phionóis go scaoilfear an dearbhóir údaraithe ón oibleagáid an líon deimhnithe SCCT gan íoc i mbliain ar leith a thabhairt suas d'údarás inniúil an Bhallstáit sin ina bhfuil an dearbhóir údaraithe.*** | |
| ***4. Má chinneann an t-údarás inniúil gur theip ar an dearbhóir údaraithe an oibleagáid a chomhlíonadh deimhnithe SCCT a thabhairt suas mar a shonraítear i mír 1, nó gur thug duine earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais mar a shonraítear i mír 2, déanfaidh an t-údarás inniúil an pionós a fhorchur agus tabharfaidh sé fógra don dearbhóir údaraithe nó, sa chás faoi mhír 2, don duine mar a leanas:*** | |
| ***(a) go bhfuil an t-údarás inniúil tagtha ar an gconclúid go bhfuil ag teip ar an dearbhóir údaraithe nó ar an duine an oibleagáid a chomhlíonadh deimhnithe SCCT a thabhairt suas i gcás bliain ar leith;*** | |
| ***(b) na cúiseanna atá lena chonclúid;*** | |
| ***(c) méid an phionóis atá á fhorchur ar an dearbhóir údaraithe nó ar an duine;*** | |
| ***(d) an dáta óna mbeidh an pionós dlite;*** | |
| ***(e) an gníomh a mheasann an t-údarás inniúil ba cheart don dearbhóir údaraithe nó don duine a dhéanamh chun a oibleagáid faoi phointe (a) a chomhlíonadh, ag brath ar na fíorais agus ar na himthosca a bhaineann leis an gcás; agus*** | |
| ***(f) go bhfuil sé de cheart ag an dearbhóir údaraithe nó ag an duine achomharc a dhéanamh faoi rialacha náisiúnta.*** | |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Féadfaidh na Ballstáit smachtbhannaí riaracháin nó smachtbhannaí coiriúla a chur i bhfeidhm as mainneachtain an reachtaíocht SCCT a chomhlíonadh i gcomhréir lena rialacha náisiúnta i dteannta pionóis dá dtagraítear i mír 2. Beidh na smachtbhannaí sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.*** | |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 26a*** |
| | ***Pionóis*** |
| | ***1. Dearbhóir údaraithe a mhainníonn, faoin 31 Bealtaine gach bliain, líon na ndeimhnithe SCCT a thabhairt suas a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí atá leabaithe in earraí a allmhairíodh le linn na bliana roimhe sin nó a chuireann faisnéis bhréagach, a bhaineann le hastaíochtaí iarbhír, faoi bhráid an údaráis d'fhonn cóir fhabhrach a fháil dó féin, beidh sé faoi dhliteanas pionós a íoc.*** |
| | ***2. Beidh méid an phionóis comhionann le trí oiread an mheánphraghais ar dheimhnithe SCCT sa bhliain roimhe sin i gcás gach deimhniú SCCT nár thug an dearbhóir údaraithe suas i gcomhréir le hAirteagal 22. Fiú amháin agus go n-íocfadh an dearbhóir údaraithe an pionós, ní scaoilfidh sé sin é ón oibleagáid cibé líon deimhnithe SCCT a bheidh fós gan tabhairt suas a thabhairt suas d'údarás SCCT.*** |
| | ***3. I gcás ina ndéantar cionta arís agus arís eile, féadfaidh údarás SCCT cinneadh a dhéanamh cuntas SCCT an dearbhóra údaraithe a chur ar fionraí.*** |
| | ***4. Sa bhreis ar na bpionós dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh na Ballstáit pionóis riaracháin nó choiriúla i bhfeidhm as mainneachtain SCCT a chomhlíonadh i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Beidh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.*** |

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5. Má chinneann údarás SCCT nár chomhlíon dearbhóir údaraithe an oibleagáid maidir le deimhnithe SCCT a thabhairt suas nó gur chuir sé faisnéis bhréagach faoi bhráid an údaráis, déanfaidh údarás SCCT an pionós dá dtagraítear i mír 2 a fhorchur agus tabharfaidh sé fógra don dearbhóir údaraithe mar a leanas:*** |
| | ***(a) go bhfuil údarás SCCT tagtha ar an gconclúid go bhfuil ag teip ar an dearbhóir údaraithe an oibleagáid a chomhlíonadh deimhnithe SCCT a thabhairt suas i gcás bliain ar leith i gcomhréir le hAirteagal 22 nó gur chuir sé faisnéis bhréagach faoi bhráid an údaráis;*** |
| | ***(b) na cúiseanna atá lena chonclúid;*** |
| | ***(c) méid an phionóis atá á fhorchur ar an dearbhóir udaruithe;*** |
| | ***(d) an dáta óna mbeidh an pionós dlite;*** |
| | ***(e) an ghníomhaíocht a mheasann an t-údarás inniúil gur cheart don dearbhóir údaraithe a dhéanamh chun a oibleagáidí faoi phointe (a) a chomhlíonadh, ag brath ar na fíorais agus ar na himthosca a bhaineann leis an gcás; agus*** |
| | ***(f) go bhfuil sé de cheart ag an dearbhóir údaraithe achomharc a dhéanamh faoin dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áirítear ar na cleachtais imchéimniúcháin ***cásanna nach bhfuil cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach le hathrú sa phatrún trádála i ndáil le hearraí a áirítear i raon feidhme*** an Rialacháin seo ach gurb é is cúis leis an athrú oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a sheachaint agus is éard a bhíonn sna cleachtais sin ***táirgí atá modhnaithe de bheagán, nach n-áirítear sa liosta earraí in Iarscríbhinn I ach a bhaineann le hearnáil a áirítear i raon feidhme an Rialacháin seo, a chur in ionad na n-earraí sin***. | 2. ***Is éard a bheidh i*** gcleachtais imchéimniúcháin ná ***aon bhearta arb é is cuspóir leo aon cheann de na hoibleagáidí a leagtar síos*** sa Rialachán seo ***a sheachaint***. ***Is éard a bheidh sna cásanna sin ná cásanna a eascraíonn as cleachtas, as próiseas nó as obair gan*** cúis chuí leordhóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch seachas oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a sheachaint ***nó a mhaolú agus d'fhéadfadh*** na nithe seo a leanas a bheith i gceist ***leo, ach gan*** a bheith ***teoranta dóibh***: |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) fóirdheontais dhíreacha agus indíreacha, amhail socruithe fabhracha cánach, praghsáil fuinnimh, lacáistí onnmhairiúcháin nó cúiteamh de chineálacha eile ar onnmhairiú, le haghaidh earraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo chun codanna nó iomlán na gcostas a bhaineann le praghas CO2 arna íoc sa tríú tír a ionsú;*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) praghas CO2 arna íoc i dtríú tír nach gcuirtear ach ar earraí atá le honnmhairiú chuig an Aontas;*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2 – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) táirgí atá modhnaithe de bheagán, nach n-áirítear sa liosta earraí in Iarscríbhinn I ach a bhaineann le hearnáil a áirítear i raon feidhme an Rialacháin seo, a chur in ionad na n-earraí sin;*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2 – pointe d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d)** **seachfhoinsiú ar tháirgeadh táirgí iartheachtacha ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I d'fhonn íocaíocht an phraghais CO2 san Aontas a sheachaint;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2 – pointe e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e)** **loingsiú an táirge lena mbaineann trí na tríú tíortha nach bhfuil feidhm ag oibleagáidí nó oibleagáidí níos fabhraí maidir leo; nó*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2 – pointe f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f)** **atheagrú ag onnmhaireoirí nó táirgeoirí ar a bpatrúin agus bealaí díolacháin agus táirgthe, nó aon chineálacha eile dé-chleachtais táirgthe agus díolacháin.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ballstát nó aon pháirtí a ndéanann na cásanna a dtugtar tuairisc orthu i mír 2 difear dó, nó a dtéann na cásanna sin chun sochair dó, féadfaidh sé fógra a thabhairt don Choimisiún má bhíonn air dul i ngleic, thar thréimhse ***dhá mhí i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe sin, le laghdú mór ar an méid earraí allmhairithe a áirítear i raon feidhme*** an Rialacháin seo ***agus le méadú ar an méid allmhairí táirgí atá modhnaithe de bheagán nach n-áirítear sa liosta earraí in Iarscríbhinn I***. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar ***aon athrú mór patrúin i dtrádáil earraí agus táirgí atá modhnaithe de bheagán ar leibhéal an Aontais***. | 3. Ballstát nó aon pháirtí a ndéanann ***aon cheann de*** na cásanna a dtugtar tuairisc orthu i mír 2 difear dó, nó a dtéann na cásanna sin chun sochair dó, féadfaidh sé fógra a thabhairt don Choimisiún má bhíonn air dul i ngleic ***le cleachtais inchéimniuchái***n. ***Maidir le páirtithe leasmhara nach páirtithe dá ndéantar difear díreach iad, amhail eagraíochtaí comhshaoil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, a aimsíonn fianaise nithiúil maidir le himchéimniú*** an Rialacháin seo***, féadfaidh siad fógra a thabhairt don Choimisiún freisin***. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ***d'fhonn cleachtais imchéimniúcháin a shainaithint, lena n-áirítear trí fhaireachas margaidh nó ar bhonn aon fhoinse ábhartha faisnéise, amhail aighneachtaí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus tuairisciú uathu***. |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Luafar san fhógra dá dtagraítear i mír 3 na cúiseanna is bun leis agus áireofar ann sonraí agus staidreamh ábhartha ***maidir leis na hearraí agus na táirgí*** dá dtagraítear i mír **2**. | 4. Luafar san fhógra dá dtagraítear i mír 3 na cúiseanna is bun leis agus áireofar ann sonraí agus staidreamh ábhartha lena dtugtar bunús ***leis an líomhain maidir le himchéimniú an Rialacháin seo***. ***Cuirfidh an Coimisiún tús le himscrúdú ar líomhain den chineál sin a leagtar amach i bhfógra ó Bhallstát, ó pháirtí dá ndéantar difear nó ó pháirtí leasmhar, ar choinníoll go gcomhlíonann an fógra na ceanglais*** dá dtagraítear sa mhír ***seo, nó i gcás ina gcinneann an Coimisiún féin go bhfuil gá leis an imscrúdú sin. Agus an t-imscrúdú á dhéanamh, féadfaidh na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 9 mí ó dháta an fhógra. I gcás ina dtionscnaítear imscrúdú, tabharfaidh an Coimisiún fógra do na húdaráis inniúla go léir.*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ag an gCoimisiún lena chreidiúint, agus na sonraí, na tuarascálacha agus an staidreamh ábhartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a sholáthair údaráis chustaim na mBallstát, gur ann do na himthosca dá dtagraítear i mír **3** i mBallstát amháin nó níos mó, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 d'fhonn raon feidhme an Rialacháin seo a fhorlíonadh chun táirgí atá modhnaithe de bheagán a chur san áireamh chun críocha frith-imchéimnithe. | 5. I gcás ina bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ag an gCoimisiún lena chreidiúint, agus na sonraí, na tuarascálacha agus an staidreamh ábhartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a sholáthair údaráis chustaim na mBallstát, gur ann do na himthosca dá dtagraítear i mír **2** i mBallstát amháin nó níos mó, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28, d'fhonn raon feidhme an Rialacháin seo a fhorlíonadh chun táirgí atá modhnaithe de bheagán nó táirgí iartheachtacha a bhfuil ceann amháin ***nó níos mó de na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I os cionn na tairsí íosta iontu*** a chur san áireamh chun críocha frith-imchéimnithe. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Foilseoidh an Coimisiún i dtuarascáil bhliantúil gach cás ina bhfuil imscrúduithe maidir le himchéimniú agus torthaí na n-imscrúduithe sin. Beidh ar áireamh sa tuarascáil freisin faisnéis maidir le stádas na nósanna imeachta achomhairc atá ar siúl i gcoinne pionós agus faisnéis chomhiomlánaithe maidir le déine astaíochtaí in aghaidh na tíre tionscnaimh i gcás na n-earraí éagsúla a liostaítear in Iarscríbhinn I.*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Caibidil VI a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Caibidil VIa*** |
| | ***Achomhairc*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 27a*** |
| | ***Achomhairc i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag údarás SCCT*** |
| | ***1. Féadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag Údarás SCCT. Beidh ábhar achomhairc ann i gcoinne chinntí údarás SCCT a théann chun dochair d'aon duine leasmhar, lena n-áirítear cinntí maidir le pionóis, imchéimniú agus luachanna astaíochta iarbhír. Ní bheidh éifeacht ag na cinntí sin ach ó dháta dhul in éag thréimhse 2 mhí an achomhairc.*** |
| | ***2. Beidh éifeacht fionraíochta ag achomharc arna thaisceadh de bhun mhír 1.*** |
| | ***3. Beidh na táirgí lena mbaineann achomharc faoi réir a gcláraithe i gcomhréir le hAirteagal 25a(5).*** |
| | ***4. Féadfaidh aon pháirtí in imeachtaí a dtéann cinneadh chun dochair dó achomharc a dhéanamh. Beidh aon pháirtithe eile sna himeachtaí ina bpáirtithe sna himeachtaí achomharc ipso jure.*** |
| | ***5. Bunófar an Bord Achomhairc agus beidh triúr lánchomhaltaí air, cathaoirleach agus beirt chomhaltaí mhalartacha. Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún comhalta an ceann. Is í an Chomhairle a cheapfaidh an cathaoirleach. Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle comhalta malartach breise an ceann.*** |
| | ***6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar an Rialachán seo chun comhdhéanamh, ceapadh agus rialacha nós imeachta an Bhoird Achomhairc a bhunú, d'fhonn neamhspleáchas a chomhaltaí a áirithiú, lena n-áirítear le linn na hidirthréimhse. Is ag an gCoimisiún a bheidh feidhmeanna an Bhoird Achomhairc le linn na hidirthréimhse.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 27b*** |
| | ***Scrúdú ar achomhairc*** |
| | ***1. Scrúdóidh an Bord Achomhairc an bhfuil achomharc inghlactha.*** |
| | ***2. Le linn dó scrúdú a dhéanamh ar achomharc, tabharfaidh an Bord Achomhairc cuireadh, a mhinice is gá, do na páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 27a(4) barúlacha a chomhdú, laistigh de thréimhse a shocróidh an Bord Achomhairc, i dtaca le haighneachtaí arna ndéanamh ag na páirtithe eile san achomharc nó i dtaca le cumarsáidí arna n-eisiúint ag an mBord Achomhairc.*** |
| | ***3. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar a inghlactha atá achomharc, déanfaidh an Bord Achomhairc cinneadh maidir leis an achomharc. Féadfaidh an Bord Achomhairc aon chumhacht atá faoi inniúlacht údarás SCCT a fheidhmiú nó an cás a tharchur chuig an údarás sin chun gníomhaíocht bhreise a dhéanamh.*** |
| | ***4. Más rud é go ndéanann an Bord Achomhairc an cás a tharchur chuig údarás SCCT chun gníomhaíocht bhreise a dhéanamh, beidh an t-údarás sin faoi cheangal ag conclúidí an Bhoird Achomhairc, a mhéid gurb ionann na fíorais.*** |
| | ***5. Ní bheidh éifeacht ag cinneadh ón mBord Achomhairc ach ón dáta a rachaidh tréimhse 2 mhí in éag tar éis don chinneadh a bheith curtha in iúl nó, más rud é go bhfuil caingean tugtha os comhair na Cúirte Ginearálta laistigh den tréimhse sin, ón dáta a dhíbhfear an caingean sin nó ó dháta aon achomhairc a dhéanfar leis an gCúirt Bhreithiúnais i gcoinne an chinnidh ón gCúirt Ghinearálta.*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 27c*** |
| | ***Caingne os comhair na Cúirte Breithiúnais*** |
| | ***1. Féadfar caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta nó os comhair na Cúirte Breithiúnais, i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE, lena gconspóidfear cinneadh a rinne an Bord Achomhairc.*** |
| | ***2. Mura ndéanfaidh an Bord Achomhairc cinneadh, féadfaidh imeachtaí de bharr neamhghnímh a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta nó os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir le hAirteagal 265 CFAE.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3. Ceanglófar ar údarás SCCT gach beart is gá a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte Ginearálta nó, i gcás achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 2(10), Airteagal 2(11), Airteagal 18(3) ***agus*** Airteagal 27(5) a ghlacadh don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. | 2. Is go ceann tréimhse neamhchinntithe ama a thabharfar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail ***2(1a), 2(6),*** 2(10), 2(11), ***7(7a), 8(3), 12a(7),*** 18(3), 27(5), ***27a(6), 31(2) agus 35(6)*** . |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(10), Airteagal 2(11), Airteagal 18(3) ***agus*** Airteagal 27(5) a chúlghairm aon tráth. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail ***2(1a), 2 (6),*** 2(10), 2(11), ***7(7a), 8(3), 12a(7),*** 18(3), 27(5), ***27a(6), 31 (2) agus 35(6)*** a chúlghairm tráth ar bith. |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(10), Airteagal 2(11), Airteagal 18(3) ***agus*** Airteagal 27(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail***2(1a), 2(6),*** 2(10), 2(11), ***7(7a), 8(3), 12 a(7)*** 18(3), 27(5), ***27a(6), 31(2) agus 35(6)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá ***d'fhonn*** raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú ***chun astaíochtaí indíreacha agus earraí seachas na cinn sin a liostaítear in Iarscríbhinn I a chumhdach, agus forbróidh sé*** modhanna chun astaíochtaí leabaithe a ríomh bunaithe ar mhodhanna tomhais maidir le lorg comhshaoil. | 1. Baileoidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, an fhaisnéis is gá chun an raon feidhme a leathnú chuig earnálacha eile agus chuig táirgí iartheachtacha a leagtar síos in Airteagal 2(1a) den Rialachán seo, agus chun modhanna a fhorbairt chun astaíochtaí leabaithe a ríomh bunaithe ar mhodhanna maidir le lorg comhshaoil. |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Roimh dheireadh na hidirthréimhse, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. ***Cuimseofar*** sa tuarascáil, go háirithe, ***measúnú ar na*** féidearthachtaí ***raon feidhme astaíochtaí leabaithe a leathnú a thuilleadh chun astaíochtaí indíreacha agus earraí eile a mbaineann riosca sceite carbóin leo seachas na cinn sin atá cumhdaithe*** faoin Rialachán seo ***cheana a chumhdach, chomh maith le measúnú ar an gcóras rialachais***. Cuimseofar ann freisin measúnú ar an bhféidearthacht an raon feidhme a leathnú tuilleadh chun astaíochtaí leabaithe seirbhísí iompair a chumhdach chomh maith le hearraí níos faide síos an slabhra luacha agus seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir an riosca sceite carbóin amach anseo. | 2. Roimh dheireadh na hidirthréimhse, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Díreofar sa chéad tuarascáil, go háirithe, ar na féidearthachtaí chun an Rialachán seo a fheabhsú i dtreo an chuspóra Aontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus déanfar measúnú inti ar an bhféidearthacht an raon feidhme a leathnú tuilleadh chun astaíochtaí leabaithe ó sheirbhísí iompair a chumhdach. Ina theannta sin, déanfaidh sé meastóireacht ar na sainiúlachtaí teicniúla a bhaineann le hastaíochtaí leabaithe a ríomh le haghaidh ceimiceán agus polaiméirí orgánacha, a gcuid slabhraí luacha agus an acmhainn atá sa sásra aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar an riosca sceite carbóin do na hearnálacha sin. Bunaithe ar an tuarascáil sin, féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach a chur ar aghaidh chun fachtóir SCCT dá dtagraítear in Airteagal 31 a choigeartú nó chun teacht i bhfeidhm Airteagal 36(3), pointe (d), maidir leis na hearraí sin a chur siar. |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Más iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil*** ón gCoimisiún. | 3. ***Tar éis 2028, déanfaidh*** an Coimisiún ***faireachán ar fheidhmiú SCCT agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 2 bhliain maidir le feidhmiú SCCT, bunaithe ar na gnéithe a leagtar síos i mír 2a***. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás inar tharla imeacht gan choinne, eisceachtúil agus gan chúis nach bhfuil smacht ag tríú tír amháin nó níos mó atá faoi réir SCCT air, agus a bhfuil iarmhairtí scriosacha ag an imeacht sin ar bhonneagar eacnamaíoch agus tionsclaíoch na dtíortha lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an staid agus cuirfidh sé togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, de réir mar is iomchuí, lena leasaítear an Rialachán seo, chun na bearta sealadacha is gá a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca eisceachtúla sin.*** |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 31 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní dhéanfar aon leithdháileadh saor in aisce i dtaca le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a tháirgeadh laistigh den Aontas amhail ó dháta chur i bhfeidhm SCCT, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 36(3).*** |
| | ***De mhaolú ar an gcéad fhomhír, go dtí 2032, tairbheoidh táirgeadh na dtáirgí sin de leithdháileadh saor in aisce i méideanna laghdaithe. Déanfar fachtóir SCCT lena laghdófar an leithdháileadh le haghaidh tháirgeadh na dtáirgí sin a chur i bhfeidhm. Beidh fachtóir SCCT cothrom le 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2026 agus ag brath ar chur i bhfeidhm Airteagal 36(3), pointe (d) den Rialachán seo, 93 % in 2027, 84 % in 2028, 69 % in 2029, 50 % in 2030, 25 % in 2031, agus sroichfidh sé 0 % in 2032.*** |
| | ***Beidh fachtóir SCCT maidir le hearraí a áirítear sa Rialachán seo tar éis…[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcomhréir leis an amlíne a leagtar amach faoi Airteagal 2(1a) comhionann le 100 % an chéad bhliain, 93 % an dara bliain, 84 % an tríú bliain, 69 % an ceathrú bliain, 50 % an cúigiú bliain, 25 % an séú bliain, agus sroichfidh sé 0 % tar éis 6 bliana.*** |

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar an laghdú ar leithdháileadh saor in aisce a ríomh gach bliain mar an meánsciar den éileamh ar leithdháileadh saor in aisce le haghaidh tháirgeadh na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I i gcomparáid leis an éileamh iomlán ar leithdháileadh saor in aisce a ríomhtar le haghaidh na suiteálacha ar fad, don tréimhse ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Threoir 2003/87/CE, agus cuirfear fachtóir SCCT i bhfeidhm.*** |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 31 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. D'fhonn cothroime iomaíochta a áirithiú, de mhaolú mhír 1 (a), ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír, leanfar de shaor-leithdháileadh a thabhairt do tháirgeadh táirgí san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, ar choinníoll go bhfuil na táirgí sin táirgthe lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha gan sásraí praghsála carbóin cosúil le EU ETS.*** |
| | ***Faoi 31 Nollaig 2025, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina soláthróidh sé measúnú mionsonraithe ar éifeachtaí EU ETS agus SCCT ar tháirgeadh táirgí san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ar táirgí iad atá táirgthe lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha agus ar fhorbairt astaíochtaí domhanda, chomh maith le measúnú ar chomhoiriúnacht an mhaolaithe arna leagan síos sa chéad fhomhír leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.*** |
| | ***I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a ghabháil leis an tuarascáil sin lena ndéanfar foráil maidir le cosaint i gcoinne riosca sceitheadh carbóin a chomhionannaíonn praghsáil charbóin chun táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a tháirgeadh san Aontas, ar táirgí iad a tháirgtear lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha nach bhfuil sásraí praghsála carbóin acu atá comhchosúil le CTA AE ar bhealach atá comhoiriúnach don Eagraíocht Dhomhanda Trádála faoin 31 Nollaig 2026, lena ndéanfar measúnú go háirithe ar shásraí coigeartaithe onnmhairiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann do shuiteálacha a bhaineann leis an 10 % de na suiteálacha is éifeachtúla a leagtar síos in Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE, i bhfianaise tograí ón gCoimisiún i bhfianaise comhoiriúnachta iomchuí ar bith de chuid an EDT.*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 31 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún ***gníomhartha cur chun feidhme*** a ghlacadh lena leagtar síos modheolaíocht ríofa i ndáil leis an laghdú dá dtagraítear i mír 1. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 29 (2).*** | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí*** mhodheolaíocht ríofa a leagan síos don laghdú dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 31 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Gach bliain ó 2025, mar chuid dá thuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 10(5) de Threoir 2003/87/CE, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht SCCT maidir le haghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin d'earraí a tháirgtear san Aontas chun onnmhairiú chuig tríú tíortha nach gcuireann CTA AE nó sásra comhchosúil praghsála carbóin i bhfeidhm. Déanfar measúnú sa tuarascáil go háirithe ar fhorbairt onnmhairí an Aontais in earnálacha SCCT agus ar na forbairtí maidir le sreafaí trádála agus astaíochtaí leabaithe na n-earraí sin ar an margadh domhanda. I gcás inarb é conclúid na tuarascála go bhfuil riosca sceite carbóin ann d'earraí a tháirgtear san Aontas chun onnmhairiú chuig na tríú tíortha sin nach gcuireann CTA AE nó sásra praghsála carbóin den chineál céanna i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin ar bhealach a chomhlíonann rialacha EDT agus a gcuireann dícharbónú suiteálacha san Aontas san áireamh.*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 33 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Trí bhíthin an tsásra faireachais a bunaíodh de bhun Airteagal 56(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, cuirfidh na húdaráis chustaim in iúl d'údarás ***inniúil an Bhallstáit allmhairiúcháin*** faisnéis mar gheall ar earraí allmhairithe, lena n-áirítear táirgí próiseáilte ar toradh iad ar an nós imeachta próiseála amach. Áireofar i bhfaisnéis den sórt sin uimhir EORI an dearbhóra, cód AC 8 ndigit, líon, tír thionscnaimh agus dearbhóir na n-earraí, dáta an dearbhaithe agus an nós imeachta custaim. | 3. Trí bhíthin an tsásra faireachais a bunaíodh de bhun Airteagal 56(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, cuirfidh na húdaráis chustaim faisnéis in iúl d'údarás ***SCCT*** maidir le hearraí allmhairithe, lena n-áirítear táirgí próiseáilte ar toradh iad ar an nós imeachta próiseála amach. Áireofar i bhfaisnéis den sórt sin uimhir EORI an dearbhóra, cód AC 8 ndigit, líon, tír thionscnaimh agus dearbhóir na n-earraí, dáta an dearbhaithe agus an nós imeachta custaim. |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh gach dearbhóir, le haghaidh gach ráithe de bhliain féilire, tuarascáil ("tuarascáil SCCT") ina bhfuil faisnéis faoi na hearraí a allmhairíodh le linn na ráithe sin faoi bhráid údarás ***inniúil an Bhallstáit allmhairiúcháin nó, sa chás gur allmhairíodh na hearraí go dtí níos mó ná Ballstát amháin, faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit a roghnóidh an dearbhóir,*** tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis dheireadh gach ráithe. | 1. Déanfaidh gach dearbhóir, le haghaidh gach ráithe de bhliain féilire, tuarascáil ("tuarascáil SCCT") ina mbeidh faisnéis faoi na hearraí a allmhairíodh le linn na ráithe sin a thíolacadh d'údarás ***SCCT,*** tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis dheireadh gach ráithe. |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) iomlán na n-astaíochtaí indíreacha leabaithe iarbhír, arna shloinneadh i dtonaí d'astaíochtaí coibhéise $CO_2$ in aghaidh an tona de gach cineál earraí seachas leictreachas, arna ríomh i gcomhréir le modh a leagtar amach i ngníomh ***cur chun feidhme*** dá dtagraítear i mír 6; | (c) iomlán na n-astaíochtaí indíreacha leabaithe iarbhír, arna shloinneadh i dtonaí d'astaíochtaí coibhéise $CO_2$ in aghaidh an tona de gach cineál earraí seachas leictreachas, arna ríomh i gcomhréir le modh a leagtar amach i ngníomh ***tarmligthe*** dá dtagraítear i mír 6; |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh an t-údarás ***inniúil*** an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 in iúl don Choimisiún dhá mhí ar a dhéanaí tar éis dheireadh na ráithe a chumhdaítear le tuarascáil. | 3. Cuirfidh údarás ***SCCT*** an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 in iúl don Choimisiún dhá mhí ar a dhéanaí tar éis dheireadh na ráithe a chumhdaítear le tuarascáil. |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an t-údarás ***inniúil*** pionós comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur ar dhearbhóirí nach gcuirfidh isteach tuarascáil SCCT. | 4. Déanfaidh údarás ***SCCT*** pionós comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur ar dhearbhóirí nach dtíolacann tuarascáil SCCT. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

## Leasú 167

### Togra le haghaidh rialacháin

### Airteagal 35 – mír 5 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Má chinneann an t-údarás ***inniúil*** nár chomhlíon dearbhóir an oibleagáid tuarascáil SCCT a chur isteach mar a shonraítear i mír 1, déanfaidh an t-údarás ***inniúil*** an pionós a fhorchur agus tabharfaidh sé fógra don dearbhóir mar a leanas: | 5. Má chinneann údarás ***SCCT*** nár chomhlíon dearbhóir an oibleagáid tuarascáil SCCT a thíolacadh mar a shonraítear i mír 1, déanfaidh údarás ***SCCT*** an pionós a fhorchur agus tabharfaidh sé fógra don dearbhóir mar a leanas: |

## Leasú 168

### Togra le haghaidh rialacháin

### Airteagal 35 – mír 5 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil an t-údarás ***inniúil*** tagtha ar an gconclúid go bhfuil ag teip ar an dearbhóir an oibleagáid a chomhlíonadh tuarascáil a chur isteach do ráithe ar leith; | (a) gur tháinig údarás ***SCCT*** ar an gconclúid go bhfuil ag teip ar an dearbhóir an oibleagáid a chomhlíonadh tuarascáil a thíolacadh do ráithe ar leith; |

## Leasú 169

### Togra le haghaidh rialacháin

### Airteagal 35 – mír 5 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an gníomh a mheasann an t-údarás ***inniúil*** gur cheart don dearbhóir a dhéanamh chun a oibleagáid faoi phointe (a) a chomhlíonadh, ag brath ar na fíorais agus ar na himthosca a bhaineann leis an gcás; agus | (e) an ghníomhaíocht a mheasann údarás ***SCCT*** gur cheart don dearbhóir a dhéanamh chun a oibleagáid faoi phointe (a) a chomhlíonadh, ag brath ar na fíorais agus ar na himthosca a bhaineann leis an gcás; agus |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú, leis na nósanna imeachta chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a chur in iúl agus le comhshó an phraghais carbóin a íocadh in airgeadra eachtrach go euro ag meánráta malairte bliantúil. Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sainiú breise a dhéanamh ar na gnéithe is gá den mhodh ríofa a leagtar amach in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear teorainneacha córais na bpróiseas táirgthe, na fachtóirí astaíochta, luachanna suiteáil-sonracha na n-astaíochtaí iarbhír agus a gcur i bhfeidhm faoi seach ar earraí aonair a chinneadh chomh maith le modhanna a leagan síos chun iontaofacht na sonraí a áirithiú, lena n-áirítear an leibhéal mionsonra agus fíorú na sonraí sin. Tugtar de chumhacht bhreise don Choimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh chun modh a fhorbairt chun na hastaíochtaí indíreacha atá leabaithe in earraí allmhairithe a ríomh. | 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú, leis na nósanna imeachta chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a chur in iúl agus le comhshó an phraghais carbóin a íocadh in airgeadra eachtrach go euro ag meánráta malairte bliantúil. Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sainiú breise a dhéanamh ar na gnéithe is gá den mhodh ríofa a leagtar amach in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear teorainneacha córais na bpróiseas táirgthe, na fachtóirí astaíochta, luachanna suiteáil-sonracha na n-astaíochtaí iarbhír agus a gcur i bhfeidhm faoi seach ar earraí aonair a chinneadh chomh maith le modhanna a leagan síos chun iontaofacht na sonraí a áirithiú, lena n-áirítear an leibhéal mionsonra agus fíorú na sonraí sin. Tugtar de chumhacht bhreise don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 lena bhforlíontar an Rialachán*** seo chun modh a fhorbairt chun na hastaíochtaí indíreacha atá leabaithe in earraí allmhairithe a ríomh. |

**Leasuithe 198, 216 agus 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 36 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Beidh feidhm ag Airteagail 32 go 34 go dtí an 31 Nollaig ***2025***. | (a) Beidh feidhm ag Airteagail 32 go 34 go dtí an 31 Nollaig ***2026***. |

**Leasuithe 199 agus 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 36 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Beidh feidhm ag Airteagal 35 go dtí an 28 Feabhra ***2026***. | (b) Beidh feidhm ag Airteagail 35 go dtí an 28 Feabhra ***2027***. |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 36 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Beidh feidhm ag Airteagail 5 agus 17 ón 1 Meán Fómhair ***2025***. | (c) Beidh feidhm ag Airteagail 5 agus 17 ón 1 Meán Fómhair ***2026***. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasuithe 200, 218 agus 265**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 36 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Beidh feidhm ag Airteagail 4, 6, 7, 8, 9, 14, 15, 16, 19, 20, 21, 22, 23, 24, 25, 26, 27 agus 31 ón 1 Eanáir ***2026***. | (d) Beidh feidhm ag Airteagail 4, 6, 7, 8, 9, 14, 15, 16, 19, 20, 21, 22, 23, 24, 25, 26, 27 agus 31 ón 1 Eanáir ***2027***. |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn I**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Liosta na n-earraí agus na ngás ceaptha teasa

1. Chun earraí a shainaithint, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí a liostaítear sna hearnálacha seo a leanas a thagann faoi láthair faoi na cóid ainmníochta comhcheangailte (“AC”) a liostaítear thíos, agus is éard a bheidh iontu na cóid atá i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]).

2. Chun críocha an Rialacháin seo, na gáis cheaptha teasa a bhaineann le hearraí atá sna hearnálacha a liostaítear thíos, is éard a bheidh sna gáis sin na cinn a liostaítear thíos le haghaidh gach cineál earraí.

**Stroighin**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 2523 10 00 – Clincir stroighne | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 21 00 – Stroighin bhán Portland, bíodh sí daite go saorga nó ná bíodh | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 29 00 – Cineálacha eile stroighne Portland | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 90 00 – Stroighneacha hiodrálacha eile | Dé-ocsaíd charbóin |

**Leictreachas**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 2716 00 00 – Fuinneamh leictreach | Dé-ocsaíd charbóin |

**Leasacháin**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 2808 00 00 – Aigéad nítreach; aigéid shulfainítreacha | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |
| 2814 – Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí | Dé-ocsaíd charbóin |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 2834 21 00 – Níotráití potaisiam | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |
| 3102 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha, iad nítrigineach | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |
| 3105 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha ina bhfuil dhá cheann nó trí cinn de na dúile leasacháin nítrigin, fosfar agus potaisiam; leasacháin eile; earraí faoin gcaibidil seo i dtáibléid nó i bhfoirmeacha comhchosúla nó i bpacáistí nach mó ná 10 kg a n-ollmheáchan<br>— Cé is moite de: 3105 60 00 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha ina bhfuil an dá dhúil leasacháin fosfar agus potaisiam | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |

## Iarann agus Cruach

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 72 – Iarann agus cruach<br>Cé is moite de:<br>7202 – Fearó-chóimhiotail<br>7204 – Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; tinní dramhiarainn agus cruach lena n-athleá | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7301 – Bratphíleáil iarainn nó cruach, bíodh sí druileáilte nó pollta, bíodh sí déanta as nithe cóimeáilte nó ná bíodh; uillinneacha, cruthanna agus cónaisc, agus táthú déanta orthu, iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7302 – Ábhar tógála iarainn nó cruach le haghaidh na n-iarnród nó le haghaidh trambhealaí, lena n-áirítear: ráillí, ráillí cosanta agus ráillí mantacha, lanna aistrithe treo, froganna trasnála, slata pointe agus píosaí eile i gcomhair na trasnála, trasnáin (trascheangail), lioscáin, teangacha ladhróige, dingeacha teanga ladhróige, bonnphlátaí (bunphlátaí), fáiscíní ráille, plátaí leaba, ceangail agus ábhar speisialaithe eile chun ráillí a cheangal nó a dheisiú | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7303 00 –Feadáin, píobáin agus próifílí tolla, déanta as iarann teilgthe | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7304 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla, gan uaim, iad déanta as cruach nó as iarann (seachas iarann teilgthe) | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7305 – Feadáin agus píobáin eile (iad táite, mar shampla, sin nó iad seamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin), trasghearradh ciorclach iontu, iad níos mó ná 406,4 mm ar an trastomhas seachtrach, agus iad déanta as iarann nó cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7306 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla eile (cinn séama oscailte nó cinn atá dúnta le táthú, seamú nó ar bhealach eile den chineál sin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7307 – Feistis feadáin nó píobáin (cúplálacha, uillinneacha, muinchillí, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 7308 – Foirgnimh (gan foirgnimh réamhdhéanta atá faoi cheannteideal 9406 a áireamh) agus codanna d'fhoirgnimh (droichid agus codanna droichid, geataí loic, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha doirse, comhlaí, balastráidí, piléir, colúin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéidí, arna n-ullmhú lena n-úsáid i bhfoirgnimh, iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7309 – Taiscumair, umair, dabhcha agus taisceadáin eile den chineál sin le haghaidh aon ábhair (cé is moite de ghás comhbhrúite nó leachtaithe), iad déanta as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh is mó ná 300 l iontu, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7310 – Umair, bairillí, drumaí, cannaí, boscaí agus taisceadáin eile den chineál céanna, le haghaidh aon ábhair (cé is moite de ghás comhbhrúite nó leachtaithe), iad déanta as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh iontu nach mó ná 300 l, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7311 – Coimeádáin le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |

**Alúmanam**

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 7601 – alúmanam neamhshaoirsithe | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7603 – Púdair agus calóga alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7604 – Barra, slata agus próifílí alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7605 – Sreang alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7606 – Plátaí, leatháin agus stiallacha alúmanaim, atá níos mó ná 0,2 mm ar tiús | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7607 – Scragall alúmanaim (bíodh sé priontáilte nó bíodh páipéar, cairtchlár, plaistigh nó ábhar taca comhchosúil ar a chúl nó ná bíodh), nach bhfuil níos mó ná 0,2 mm ar tiús (gan aon ábhar taca a áireamh) | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7608 – Feadáin agus píobáin alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7609 00 00 – Feistis feadáin nó píobáin alúmanaim (cúplálacha, uillinneacha, muinchillí, mar shampla) | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

*Leasú*

Liosta na n-earraí agus na ngás ceaptha teasa

1. Chun earraí a shainaithint, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí a liostaítear sna hearnálacha seo a leanas a thagann faoi láthair faoi na cóid ainmníochta comhcheangailte (“AC”) a liostaítear thíos, agus is éard a bheidh iontu na cóid atá i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle [1].

2. Chun críocha an Rialacháin seo, na gáis cheaptha teasa a bhaineann le hearraí atá sna hearnálacha a liostaítear thíos, is éard a bheidh sna gáis sin na cinn a liostaítear thíos le haghaidh gach cineál earraí.

**Stroighin**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| ***2523 30 00 – Stroighin alúmanach*** | ***Dé-ocsaíd charbóin*** |
| 2523 10 00 – Clincir stroighne | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 21 00 – Stroighin bhán Portland, bíodh sí daite go saorga nó ná bíodh | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 29 00 – Cineálacha eile stroighne Portland | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 90 00 – Stroighneacha hiodrálacha eile | Dé-ocsaíd charbóin |

**Leictreachas**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 2716 00 00 – Fuinneamh leictreach | Dé-ocsaíd charbóin |

**Leasacháin**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 2808 00 00 – Aigéad nítreach; aigéid shulfainítreacha | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |
| 2814 – Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2834 21 00 – Níotráití potaisiam | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |
| 3102 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha, iad nítrigineach | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 3105 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha ina bhfuil dhá cheann nó trí cinn de na dúile leasacháin nítrigin, fosfar agus potaisiam; leasacháin eile; earraí faoin gcaibidil seo i dtáibléid nó i bhfoirmeacha comhchosúla nó i bpacáistí nach mó ná 10 kg a n-ollmheáchan<br>— Cé is moite de: 3105 60 00 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha ina bhfuil an dá dhúil leasacháin fosfar agus potaisiam | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |

## Iarann agus Cruach

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 72 – Iarann agus cruach<br>Cé is moite de:<br>7202 – Fearó-chóimhiotail<br>7204 – Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; tinní dramhiarainn agus cruach lena n-athleá | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7301 – Bratphíleáil iarainn nó cruach, bíodh sí druileáilte nó pollta, bíodh sí déanta as nithe cóimeáilte nó ná bíodh; uillinneacha, cruthanna agus cónaisc, agus táthú déanta orthu, iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7302 – Ábhar tógála iarainn nó cruach le haghaidh na n-iarnród nó le haghaidh trambhealaí, lena n-áirítear: ráillí, ráillí cosanta agus ráillí mantacha, lanna aistrithe treo, froganna trasnála, slata pointe agus píosaí eile i gcomhair na trasnála, trasnáin (trascheangail), lioscáin, teangacha ladhróige, dingeacha teanga ladhróige, bonnphlátaí (bunphlátaí), fáiscíní ráille, plátaí leaba, ceangail agus ábhar speisialaithe eile chun ráillí a cheangal nó a dheisiú | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7303 00 –Feadáin, píobáin agus próifílí tolla, déanta as iarann teilgthe | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7304 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla, gan uaim, iad déanta as cruach nó as iarann (seachas iarann teilgthe) | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7305 – Feadáin agus píobáin eile (iad táite, mar shampla, sin nó iad seamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin), trasghearradh ciorclach iontu, iad níos mó ná 406,4 mm ar an trastomhas seachtrach, agus iad déanta as iarann nó cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7306 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla eile (cinn séama oscailte nó cinn atá dúnta le táthú, seamú nó ar bhealach eile den chineál sin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7307 – Feistis feadáin nó píobáin (cúplálacha, uillinneacha, muinchillí, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7308 – Foirgnimh (gan foirgnimh réamhdhéanta atá faoi cheannteideal 9406 a áireamh) agus codanna d'fhoirgnimh (droichid agus codanna droichid, geataí loic, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha doirse, comhlaí, balastráidí, piléir, colúin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéidí, arna n-ullmhú lena n-úsáid i bhfoirgnimh, iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 7309 – Taiscumair, umair, dabhcha agus taisceadáin eile den chineál sin le haghaidh aon ábhair (cé is moite de ghás comhbhrúite nó leachtaithe), iad déanta as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh is mó ná 300 l iontu, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7310 – Umair, bairillí, drumaí, cannaí, boscaí agus taisceadáin eile den chineál céanna, le haghaidh aon ábhair (cé is moite de ghás comhbhrúite nó leachtaithe), iad déanta as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh iontu nach mó ná 300 l, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7311 – Coimeádáin le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |

**Alúmanam**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 7601 – alúmanam neamhshaoirsithe | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7603 – Púdair agus calóga alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7604 – Barra, slata agus próifílí alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7605 – Sreang alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7606 – Plátaí, leatháin agus stiallacha alúmanaim, atá níos mó ná 0,2 mm ar tiús | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7607 – Scragall alúmanaim (bíodh sé priontáilte nó bíodh páipéar, cairtchlár, plaistigh nó ábhar taca comhchosúil ar a chúl nó ná bíodh), nach bhfuil níos mó ná 0,2 mm ar tiús (gan aon ábhar taca a áireamh) | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7608 – Feadáin agus píobáin alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7609 00 00 – Feistis feadáin nó píobáin alúmanaim (cúplálacha, uillinneacha, muinchillí, mar shampla) | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |

***Ceimiceáin***

| ***Cód AC*** | ***Gás ceaptha teasa*** |
|---|---|
| ***Ceimiceáin Orgánacha*** | ***Dé-ocsaíd charbóin*** |
| ***2804 10 000 – Hidrigin*** | ***Dé-ocsaíd charbóin*** |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

| *Cód AC* | *Gás ceaptha teasa* |
| --- | --- |
| ***2814 10 000 – Aimóinia ainhidriúil*** | ***Dé-ocsaíd charbóin*** |
| ***2814 20 00 – Amóinia i dtuaslagán uiscí*** | ***Dé-ocsaíd charbóin*** |

***Polaiméirí***

| *Cód AC* | *Gás ceaptha teasa* |
| --- | --- |
| ***39 – Plaistigh agus earraí díobh*** | ***dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil*** |

(1) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – pointe 2 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. Na hastaíochtaí leabaithe ***díreacha*** iarbhír a chinneadh le haghaidh earraí simplí | 2. Na hastaíochtaí leabaithe iarbhír a chinneadh le haghaidh earraí simplí |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Chun na sainastaíochtaí leabaithe iarbhír a chinneadh le haghaidh earraí simplí a tháirgtear i suiteáil ar leith, ní thabharfar sa chuntas ***ach*** na hastaíochtaí díreacha. Chun na críche sin, tá an chothromóid seo a leanas le cur i bhfeidhm: | Chun na sainastaíochtaí leabaithe iarbhír a chinneadh le haghaidh earraí simplí a tháirgtear i suiteáil ar leith, déanfar na hastaíochtaí díreacha agus na hastaíochtaí ***indíreacha araon*** a thabhairt sa chuntas. Chun na críche sin, tá an chothromóid seo a leanas le cur i bhfeidhm: |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – pointe 2 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ciallaíonn "astaíochtaí sannta" an chuid d'astaíochtaí ***díreacha*** na suiteála le linn na tréimhse tuairiscithe arb é próiseas táirgthe earraí g is cúis léi, agus é sin arna bhunú ar chur i bhfeidhm theorainneacha córais an phróisis a shainítear sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 7(6). Is í an chothromóid seo a leanas a úsáidfear chun na hastaíochtaí sannta a ríomh: | ciallaíonn "astaíochtaí sannta" an chuid d'astaíochtaí díreacha na suiteála le linn na tréimhse tuairiscithe arb é próiseas táirgthe earraí *g* is cúis léi, agus é sin arna bhunú ar chur i bhfeidhm theorainneacha córais an phróisis a shainítear sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 7(6). Is í an chothromóid seo a leanas a úsáidfear chun na hastaíochtaí sannta a ríomh: |
| $AttrEm_g = DirEm$ | $\boldsymbol{Attr_g = DirEm + Em_{el} – Em_{el, exp}}$ |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – pointe 3 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Na hastaíochtaí leabaithe díreacha iarbhír a chinneadh le haghaidh earraí coimpléascacha | 3. Na hastaíochtaí leabaithe iarbhír a chinneadh le haghaidh earraí coimpléascacha |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – pointe 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críche luachanna réamhshocraithe a chinneadh, ní úsáidfear ach luachanna iarbhír chun astaíochtaí leabaithe a chinneadh. In éagmais sonraí iarbhír, féadfar luachanna litríochta a úsáid. Foilseoidh an Coimisiún treoir maidir leis an gcur chuige chun ceartú a dhéanamh i ndáil le gáis cheaptha teasa nó dramhgháis a úsáidtear mar ionchur próisis, sula mbaileofar na sonraí is gá chun na luachanna réamhshocraithe ábhartha a chinneadh le haghaidh gach cineál earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I. Agus na luachanna réamhshocraithe á gcinneadh bainfear úsáid as na sonraí is fearr atá ar fáil. Athbhreithneofar iad go tréimhsiúil trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis is cothroime le dáta agus is iontaofa, lena n-áirítear ar bhonn faisnéise arna soláthar ag tríú tír nó ag grúpa de thríú tíortha. | Chun críche luachanna réamhshocraithe a chinneadh, ní úsáidfear ach luachanna iarbhír ***ón tír inar tharla na hastaíochtaí,*** chun astaíochtaí leabaithe a chinneadh. In éagmais sonraí iarbhír ***nó más rud é go dtiocfadh luachanna réamhshocraithe ísle a chuirfeadh iompar saorthairbhithe chun cinn as úsáid sonraí iarbhír,*** féadfar luachanna litríochta a úsáid. Foilseoidh an Coimisiún treoir maidir leis an gcur chuige chun ceartú a dhéanamh i ndáil le gáis cheaptha teasa nó dramhgháis a úsáidtear mar ionchur próisis, sula mbaileofar na sonraí is gá chun na luachanna réamhshocraithe ábhartha a chinneadh le haghaidh gach cineál earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I. Agus na luachanna réamhshocraithe á gcinneadh bainfear úsáid as na sonraí is fearr atá ar fáil. ***Beidh na sonraí atá ar fáil bunaithe, a mhéid is féidir, ar fhaisnéis iontaofa agus atá ar fáil go poiblí maidir leis an gcineál teicneolaíochta agus próiseas a mbaintear úsáid as, dearadh plandaí, tionscnamh na n-ábhar ionchuir agus na n-earraí simplí a úsáidtear sa phróiseas táirgthe, foinse fuinnimh agus sonraí eile.*** Déanfar ***luachanna réamhshocraithe*** a athbhreithniú go tréimhsiúil trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ***dá dtagraítear in Airteagal 7(6)*** a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis is cothroime le dáta agus is iontaofa, lena n-áirítear ar bhonn faisnéise arna soláthar ag tríú tír nó ag grúpa de thríú tíortha. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – pointe 4 – pointe 4.1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach féidir leis an dearbhóir údaraithe na hastaíochtaí iarbhír a chinneadh ar mhodh leormhaith, úsáidfear luachanna réamhshocraithe. Socrófar na luachanna sin ag meándéine astaíochta gach tíre onnmhairiúcháin agus le haghaidh gach ceann de na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I cé is moite de leictreachas, agus iad arna méadú trí chorrlach a chur leo, corrlach a chinnfear i ngníomhartha cur chun feidhme an Rialacháin seo. I gcás nach féidir sonraí iontaofa maidir leis an tír onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm i gcás cineál áirithe earraí, bunófar na luachanna réamhshocraithe ar mheándéine astaíochtaí an ***10*** faoi gcéad is measa feidhmíocht de na suiteálacha AE le haghaidh an chineáil sin earraí. | I gcás nach féidir leis an dearbhóir údaraithe na hastaíochtaí iarbhír a chinneadh ar mhodh leormhaith, úsáidfear luachanna réamhshocraithe. Socrófar na luachanna sin ag meándéine astaíochta ***an 10 % de shuiteálacha is measa feidhmíocht i*** ngach tír onnmhairiúcháin agus le haghaidh gach ceann de na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I cé is moite de leictreachas, agus iad arna méadú trí chorrlach a chur leo, corrlach a chinnfear i ngníomhartha cur chun feidhme an Rialacháin seo. I gcás nach féidir sonraí iontaofa maidir leis an tír onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm i gcás cineál áirithe earraí, bunófar na luachanna réamhshocraithe ar mheándéine astaíochtaí an ***5*** faoin gcéad is measa feidhmíocht de na suiteálacha AE le haghaidh an chineáil sin earraí. ***Ní bheidh na luachanna réamhshocraithe níos ísle i gcás ar bith ná na hastaíochtaí is dóchúla atá leabaithe agus ní bhainfidh an t-onnmhaireoir leas as mainneachtain sonraí iontaofa a chur ar fáil maidir le hastaíochtaí iarbhír ionas go mbainfear úsáid as luachanna réamhshocraithe.*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – pointe 4 – pointe 4.2 – pointe 4.2.1. – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunófar na luachanna réamhshocraithe sonracha ar na ***sonraí is fearr atá le fáil ag an gCoimisiún agus lena gcinntear meán an fhachtóra astaíochta $CO_2$ i dtonaí $CO_2$ ina aghaidh na meigeavatuaire ó fhoinsí a shocraíonn na praghsanna*** sa tríú tír, sa ghrúpa de thríú tíortha nó sa réigiún laistigh de thríú tír. | Bunófar na luachanna réamhshocraithe sonracha ar an ***10 % de shuiteálacha is measa feidhmíocht a tháirgeann leictreachas*** sa tríú tír, sa ghrúpa de thríú tíortha nó sa réigiún laistigh de thríú tír. |

**Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022**

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**


**Iarscríbhinn III a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Iarscríbhinn IIIa***

*Modheolaíocht chun an laghdú ar dheimhnithe SCCT a ríomh de bharr leithdháileadh saor in aisce faoi CTA AE*




**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn V – Cuid 1 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beidh sé éigeantach go dtabharfaidh an fíoraitheoir cuairteanna ar an tsuiteáil ach amháin i gcás ina dtarscaoiltear ón éigeantas sin é trí bhíthin critéir shonracha a chomhlíonadh; | (c) beidh sé éigeantach go dtabharfaidh an fíoraitheoir cuairteanna ar an tsuiteáil ach amháin i gcás ina dtarscaoiltear ón éigeantas sin é trí bhíthin na critéir shonracha ***faoi Airteagal 8(3)*** a chomhlíonadh; |